# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

9 Nollaig 2019

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht


Clár

I *Gníomhartha reachtacha*

RIALACHÁIN


★ **Rialachán (AE) 2019/2088 Ó Pharlaimint Na Heorpa Agus Ón Gcomhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais** ([1]) ..... 1

★ **Rialachán (AE) 2019/2089 Ó Pharlaimint Na Heorpa Agus Ón Gcomhairle an 27 Samhain 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1011 maidir le Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE, Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras agus nochtuithe inbhuanaitheachta le haghaidh tagarmharcanna** ([1]) ..... 17


([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.


GA

* Faoin tagairt L 317 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

I

*(Gníomhartha reachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) 2019/2088 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE

## an 27 Samhain 2019

## maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint do thuairim Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ar an 25 Meán Fómhair 2015, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe creat domhanda nua um fhorbairt inbhuanaithe: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe ('Clár Oibre 2030'), a bhfuil na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) ina chroílár. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 22 Samhain 2016 maidir leis na chéad chéimeanna eile i dtaca le todhchaí inbhuanaithe don Eoraip, déantar na SDGanna a nascadh le creat beartais an Aontais chun a áirithiú, le gach gníomhaíocht agus tionscnamh beartas de chuid an Aontais, laistigh den Aontas agus ar fud an domhain ar aon, go gcuirfear na SDGanna san áireamh ón tús. Leis na conclúidí uaidh an 20 Meitheamh 2017, dheimhnigh an Chomhairle tiomantas an Aontais agus a mBallstát maidir le Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme ar bhealach iomlán, comhleanúnach, cuimsitheach, comhtháite agus éifeachtach agus i ndlúthchomhar le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara eile.

(2) Tá an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin atá níos inbhuanaithe, níos tíosaí ar acmhainní agus níos ciorclaí i gcomhréir leis na SDGanna ríthábhachtach chun iomaíochas fadtéarmach gheilleagar an Aontais a áirithiú. Féachann Comhaontú Pháras arna ghlacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide ("Comhaontú Pháras"), a d'fhormheas an tAontas an 5 Deireadh Fómhair 2016 ([3]) agus a tháinig i bhfeidhm an 4 Samhain 2016, leis an bhfreagairt ar an athrú aeráide a neartú, *inter alia*, trí shreafaí airgeadais a thabhairt ar aon dul leis an gcur chuige i dtreo astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus forbairt atá seasmhach ó thaobh na haeráide de.

(3) Chun cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach agus laghdú suntasach a dhéanamh ar na rioscaí agus ar an tionchar atá ag an athrú aeráide, tá sé mar sprioc domhanda an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil go mór faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh an méadú ar an teocht a theorannú do 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch.

([1]) IO C 62, 15.2.2019, lch. 97.
([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Aibreán 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 8 Samhain 2019.
([3]) Cinneadh (AE) 2016/1841 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2016 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chomhaontú Pháras, a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (IO L 282, 19.10.2016, lch. 1).

(4) Le Treoracha 2009/65/CE ([4]), 2009/138/CE ([5]), 2011/61/AE ([6]), 2013/36/AE ([7]), 2014/65/AE ([8]), (AE) 2016/97 ([9]), (AE) 2016/2341 ([10]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialacháin (AE) Uimh. 345/2013 ([11]), (AE) Uimh. 346/2013 ([12]), (AE) 2015/760 ([13]) agus (AE) 2019/1238 ([14]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle tá sé mar chomhchuspóir acu glacadh gníomhaíochtaí agus dul i mbun gníomhaíochtaí a éascú do ghnóthais le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe (GCUI), institiúidí creidmheasa, bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha (BCIManna), a dhéanann bainistiú nó margaíocht ar chistí infheistíochta malartacha, lena n-áirítear cistí infheistíochta fadtéarmaí Eorpacha (ELTIFs), do ghnóthais árachais, gnólachtaí infheistíochta, idirghabhálaithe árachais, institiúidí um chóir ar scor ceirde (IORPanna), bainisteoirí cistí caipitil fiontair cáilitheacha (bainisteoirí EuVECA), bainisteoirí cistí fiontraíochta sóisialta cáilitheacha (bainisteoirí EuSEF) agus soláthraithe táirgí pinsin phearsanta uile-Eorpaigh (TPPUnna). Áirithítear leis na Treoracha agus na Rialacháin sin cosaint níos aonfhoirmí d'infheisteoirí deiridh agus éascaítear dóibh tairbhe a bhaint as réimse leathan táirgí airgeadais, agus, ag an am céanna, foráil a dhéanamh maidir le rialacha a chuireann ar chumas infheisteoirí deiridh cinntí eolasacha infheistíochta a dhéanamh.

(5) I ndáil le nochtaí d'infheisteoirí deiridh maidir le comhtháthú rioscaí inbhuanaitheachta, maidir le drochthionchair inbhuanaitheachta a mheas, maidir le cuspóirí inbhuanaithe infheistíochta nó maidir le tréithe comhshaoil nó sóisialta a chur chun cinn, i gcinnteoireacht infheistíochta agus i bpróisis chomhairleacha, níl na nochtaí sin forbartha go leor mar nach bhfuil siad faoi réir ceanglais chomhchuibhithe go fóill.

(6) I dtaca leis an díolúine ón Rialachán seo do chomhairleoirí airgeadais ina bhfostaítear níos lú ná triúr, ba cheart sin a bheith gan dochar do chur i bhfeidhm fhorálacha an dlí náisiúnta lena dtasruitear Treoracha 2014/65/AE agus (AE) 2016/97, go háirithe na rialacha maidir le comhairle infheistíochta agus árachais. Dá bhrí sin, cé nach bhfuil ceangal ar chomhairleoirí den sórt sin faisnéis a sholáthar i gcomhréir leis an Rialachán seo, ceanglaítear orthu sna próisis chomhairleacha a bhaineann leo na rioscaí inbhuanaitheachta a mheas agus a chur san áireamh.

(7) Maidir leis na heintitis a chumhdaítear leis an Rialachán seo, ag brath ar chineál na ngníomhaíochtaí siúd, ba cheart dóibh na rialacha maidir le rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a chomhlíonadh nuair a mhonaraíonn siad táirgí airgeadais agus ba cheart dóibh na rialacha maidir le comhairleoirí airgeadais a chomhlíonadh i gcás ina dtugann siad comhairle infheistíochta nó comhairle árachais. Dá bhrí sin, nuair a dhéanann na heintitis gníomhaíochtaí de chuid rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais i gcomhthráth le gníomhaíochtaí de chuid comhairleoirí airgeadais, ba cheart a mheas gur rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais iad na heintitis sin nuair a ghníomhaíonn siad i gcáil monaróirí táirgí airgeadais, lena n-áirítear bainistíocht punainne, agus ba cheart a mheas gur comhairleoirí airgeadais iad nuair a thugann siad comhairle infheistíochta nó comhairle árachais.

(8) Ós minice a bhíonn ar an Aontas aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí tubaisteacha dothuartha an athraithe aeráide, an ídithe acmhainní agus saincheisteanna eile ó thaobh na hinbhuanaitheachta de, teastaíonn gníomh práinneach chun caipiteal a shlógadh ní hamháin trí bheartais phoiblí ach trí earnáil na seirbhísí airgeadais chomh maith. Dá bhri sin, ba cheart a bheith de cheangal ar na rannpháirtithe sa mhargadh agus ar na comhairleoirí airgeadais faisnéis shonrach a nochtadh i dtaca lena gcur chuige i dtaobh chomhtháthú na rioscaí inbhuanaitheachta agus i dtaobh breithniú a dhéanamh ar dhrochthionchair inbhuanaitheachta.

([4]) Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú dlíthe, rialachán, agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe (GCUI) (IO L 302, 17.11.2009, lch. 32).

([5]) Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Atháráchais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) (IO L 335, 17.12.2009, lch. 1).

([6]) Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha (IO L 174, 1.7.2011, lch. 1).

([7]) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

([8]) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

([9]) Treoir (AE) 2016/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Eanáir 2016 maidir le dáileadh árachais (IO L 26, 2.2.2016, lch. 19).

([10]) Treoir (AE) 2016/2341 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le gníomhaíochtaíagus maoirseacht institiúidí um chóir ar scor ceirde (IORPanna) (IO L 354, 23.12.2016, lch. 37).

([11]) Rialachán (AE) Uimh. 345/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le cistí caipitil fiontair Eorpacha (IO L 115, 25.4.2013, lch. 1).

([12]) Rialachán (AE) Uimh. 346/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le cistí fiontraíochta sóisialta Eorpacha (IO L 115, 25.4.2013, lch. 18).

([13]) Rialachán (AE) Uimh. 2015/760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le cistí infheistíochta fadtéarmaí Eorpacha (IO L 123, 19.5.2015, lch. 98).

([14]) Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le Táirge Pinsin Phearsanta Uile-Eorpach (TPPU) (IO L 198, 25.7.2019. lch. 1).

(9) Gan rialacha comhchuibhithe Aontais a bheith ann maidir le nochtaí d'infheisteoirí deiridh ó thaobh na hinbhuanaitheachta de, is dócha go leanfar de bhearta éagsúla a ghlacadh ar an leibhéal náisiúnta agus b'fhéidir go leanfaí de chineálacha éagsúla cur chuige in earnálacha airgeadais éagsúla. Mar thoradh ar bhearta agus cur chuige an-éagsúil den sórt sin, bheadh mórshaobhadh iomaíochta ann fós i ngeall ar dhifríochtaí móra a bheith sna caighdeáin nochta. Ina theannta sin, mar thoradh ar fhorbairt a tháinig ag an am céanna ar chleachtais mhargadhbhunaithe atá dírithe ar an tráchtáil agus is cúis le torthaí éagsúla, tá an margadh faoi láthair á ilroinnt a thuilleadh agus tá seans ann go gcuirfeadh sé sin go mór le neamhéifeachtúlachtaí fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh uaidh seo amach. Mar gheall ar chaighdeáin nochta agus cleachtais mhargadhbhunaithe éagsúla a bheith ann, is deacair comparáid a dhéanamh idir táirgí airgeadais éagsúla, cruthaítear éagothroime do na táirgí sin agus do bhealaí dáileacháin, agus cuirtear bacainní breise laistigh den mhargadh inmheánach. D'fhéadfadh éagsúlachtaí den sórt sin mearbhall a chur ar infheisteoirí deiridh freisin agus d'fhéadfadh na héagsúlachtaí sin a gcinntí infheistíochta a shaobhadh. Agus comhréireacht le Comhaontú Pháras á áirithiú, tá baol ann go nglacfaidh na Ballstáit bearta náisiúnta éagsúla a d'fhéadfadh bacainní a chruthú ar fheidhmiú réidh an mhargaidh inmheánaigh agus a bheith le haimhleas rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais agus comhairleoirí airgeadais. Thairis sin, i ngeall ar easpa rialacha comhchuibhithe a bhaineann le trédhearcacht, tá sé deacair ag infheisteoirí deiridh comparáid éifeachtach a dhéanamh idir táirgí airgeadais éagsúla i mBallstáit éagsúla maidir lena rioscaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais agus cuspóirí infheistíochta inbhuanaithe. Dá bhrí sin, is gá dul i ngleic leis na bacainní atá ann cheana ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus inchomparáideacht táirgí airgeadais a fheabhsú d'fhonn bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a sheachaint.

(10) Is é aidhm an Rialacháin seo an éagothroime ó thaobh faisnéise sa ghaol idir príomhaí agus gníomhaire a laghdú i dtaobh comhtháthú na rioscaí inbhuanaitheachta, i dtaobh drochthionchair inbhuanaitheachta a mheas agus i dtaobh tréithe comhshaoil nó sóisialta, chomh maith le hinfheistíocht inbhuanaithe a chur chun cinn trína cheangal go ndéanann rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais agus comhairleoirí airgeadais nochtaí réamhchonarthacha agus leanúnacha d'infheisteoirí deiridh i gcás ina ngníomhaíonn siad mar ghníomhairí thar ceann na n-infheisteoirí deiridh (príomhaithe).

(11) Leis an Rialachán seo, forlíontar na ceanglais maidir le nochtadh a leagtar síos i dTreoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE, 2011/61/AE, 2014/65/AE, (AE) 2016/97, (AE) 2016/2341, agus Rialacháin (AE) Uimh. 345/2013, (AE) Uimh. 346/2013, (AE) 2015/760 agus (AE) 2019/1238 agus, chomh maith leis sin, i ndlí náisiúnta lena rialaítear táirgí pinsin phearsanta agus aonair. D'fhonn maoirseacht ordúil agus éifeachtach ar chomhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit a bheith ag brath ar na húdaráis inniúla a ainmníodh cheana féin faoi na rialacha thuasluaite.

(12) Sa Rialachán seo coinnítear na ceanglais atá ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais agus ar chomhairleoirí airgeadais gníomhú chun leas is fearr na n-infheisteoirí deiridh, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, an ceanglas ar dhícheall cuí leordhóthanach a dhéanamh sula ndéantar infheistíocht, dá bhforáiltear i dTreoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/65/AE, (AE) 2016/97, (AE) 2016/2341, agus Rialacháin (AE) Uimh. 345/2013 agus (AE) Uimh. 346/2013 agus, chomh maith leis sin, i ndlí náisiúnta lena rialaítear táirgí pinsin phearsanta agus aonair. D'fhonn na dualgais a leagtar orthu faoi na rialacha sin a chomhlíonadh, ba cheart do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais agus do chomhairleoirí airgeadais, ní hamháin na rioscaí airgeadais ábhartha uile a chomhtháthú ina bpróisis, lena n-áirítear ina bpróisis díchill chuí, ach, chomh maith leis sin, na rioscaí ábhartha inbhuanaitheachta ar fad a d'fhéadfadh tionchar tábhachtach diúltach ábhartha a bheith acu ar thoradh airgeadais na hinfheistíochta nó na comhairle a chomhtháthú freisin agus ba cheart na rioscaí sin a mheasúnú ar bhonn leanúnach freisin. Dá bhrí sin, faoin Rialachán seo, ba cheart do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais agus comhairleoirí airgeadais an bealach ina gcomhtháthaíonn siad na rioscaí sin agus ina bhfoilsíonn siad na beartais a shonrú ina mbeartas.

(13) Ceanglaítear leis an Rialachán seo ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais agus comhairleoirí airgeadais a sholáthraíonn comhairle infheistíochta maidir le táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (IBIPanna), gan beann ar dhearadh an táirge airgeadais agus an spriocmhargadh, beartais a fhoilsiú i scríbhinn maidir le comhtháthú na rioscaí inbhuanaitheachta, agus an trédhearcacht a bhaineann leis an gcomhtháthú sin a áirithiú.

(14) Ciallaíonn riosca inbhuanaitheachta teagmhas nó dáil ó thaobh an chomhshaoil nó an rialachais de, nó teagmhas nó dáil shóisialta, dá dtarlódh a leithéid, a d'fhéadfadh tionchar diúltach ábhartha a fhágáil ar luach na hinfheistíochta, mar a shonraítear sa reachtaíocht earnála, go háirithe i dTreoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/65/AE, (AE) 2016/97, (AE) 2016/2341, nó gníomhartha tarmligthe agus caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh dá mbun.

(15) Ba cheart an Rialachán seo a bheith gan dochar do na rialacha maidir le comhtháthú rioscaí faoi Threoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/65/AE, (AE) 2016/97, (AE) 2016/2341, agus Rialacháin (AE) Uimh. 345/2013 agus (AE) Uimh. 346/2013 agus, chomh maith leis sin, faoi dhlí náisiúnta lena rialaítear táirgí pinsin phearsanta agus aonair, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, critéir na

comhréireachta ábhartha is infheidhme amhail méid, eagrúchán inmheánach agus cineál, raon feidhme agus castacht na ngníomhaíochtaí atá i gceist. Féachtar sa Rialachán seo le níos mó den trédhearcacht a bhaint amach i ndáil leis an gcaoi a gcomhtháthaíonn rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais agus comhairleoirí airgeadais rioscaí inbhuanaitheachta lena gcinntí infheistíochta, lena gcomhairle infheistíochta agus lena gcomhairle árachais. I gcás inarb é conclúid an mheasúnaithe maidir le rioscaí inbhuanaitheachta gur dóigh nach bhfuil aon rioscaí inbhuanaitheachta ábhartha don táirge airgeadais, ba cheart na cúiseanna lena haghaidh sin a mhíniú. I gcás inarb é conclúid an mheasúnaithe go bhfuil na rioscaí seo ábhartha, ba cheart a nochtadh a mhéid a d'imreodh na rioscaí inbhuanaitheachta sin tionchar ar fheidhmíocht an táirge airgeadais — más go cáilíochtúil nó go cainníochtúil sin. I dtaca leis na measúnuithe maidir le rioscaí inbhuanaitheachta agus na nochtaí réamhchonarthacha ag rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais, ba cheart iad sin a bheith ina gcuid de na nochtaí réamhchonarthacha ag comhairleoirí airgeadais. Ba cheart do na comhairleoirí airgeadais a nochtadh an chaoi a gcuireann siad rioscaí inbhuanaitheachta san áireamh i bpróiseas roghnúcháin an táirge airgeadais a thugtar do na hinfheisteoirí deiridh sula gcuireann siad an chomhairle ar fáil, beag beann ar thosaíochtaí inbhuanaitheachta na n-infheisteoirí. Ba cheart sin a bheith gan dochar do chur i bhfeidhm fhorálacha an dlí náisiúnta lena dtrasuítear Treoracha 2014/65/AE agus (AE) 2016/97, go háirithe na hoibleagáidí ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais agus comhairleoirí airgeadais maidir le rialachas táirge, na measúnuithe ar a oiriúnacht agus feiliúnacht, agus na tástálacha éileamh-agus-riachtanas.

(16) D'fhéadfadh cinntí agus comhairle infheistíochta a bheith ina gcúis le héifeachtaí diúltacha ar fhachtóirí inbhuanaitheachta, ina rannchuidiú leis na héifeachtaí sin, nó baint dhíreach a bheith acu leis na héifeachtaí sin, bíodh siad ábhartha nó gur dócha a bheidh siad ábhartha.

(17) Chun cur i bhfeidhm comhleanúnach, comhsheasmhach an Rialacháin seo a áirithiú, is gá sainmhíniú comhchuibhithe a leagan síos ar "infheistíochtaí inbhuanaithe", lena ndéantar foráil go leanann na cuideachtaí infheistithe cleachtais mhaithe rialachais agus go n-áiritheofar prionsabal an réamhchúraim, "ná déan aon dochar suntasach", ionas nach ndéantar dochar suntasach don chuspóir comhshaoil ná don chuspóir sóisialta.

(18) I gcás ina measann rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais, agus aird á tabhairt acu ar mhéid, cineál agus scála a ngníomhaíochtaí agus ar chineálacha a dtáirgí airgeadais a chuireann siad ar fáil, drochthionchair phríomha, bíodh siad ábhartha nó gur dócha a bheidh siad ábhartha, na gcinntí infheistíochta ar thosca inbhuanaitheachta, ba cheart dóibh na nósanna imeachta chun na drochthionchair phríomha a mheas a chomhtháthú ina bpróisis, lena n-áirítear ina bpróisis díchill chuí, in éineacht leis na rioscaí airgeadais ábhartha agus na rioscaí inbhuanaitheachta ábhartha. D'fhéadfaí go gcuirfí síos, san fhaisnéis maidir leis na nósanna imeachta sin, ar na mbealach ina gcomhlíonann rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a bhfreagrachtaí maoirseachta ó thaobh na hinbhuanaitheachta de nó lena rannpháirtíocht scairshealbhóra eile. Ba cheart do na rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais faisnéis faoi na nósanna imeachta sin agus cur síos ar na drochthionchair phríomha a áireamh ar a suíomhanna gréasáin. I ndáil leis an méid sin, ba cheart do Chomhchoiste an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh (ÚBE) a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([15]) (ÚBE), an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Ghairme arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([16]) (ÚÁPGE) agus an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([17]) (an ESMA) (an "Comhchoiste") (agus do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais agus do chomhairleoirí airgeadais an treoir maidir le dícheall cuí le haghaidh iompar gnó freagrach, arna forbairt ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), agus na Prionsabail um Infheistíocht Fhreagrach, arna dtacú ag na Náisiúin Aontaithe, a mheas.

(19) Trí na fachtóirí inbhuanaitheachta a mheas sna próisis chinnteoireachta agus chomhairleacha maidir le hinfheistíocht, is féidir sochair a fhíorú a rachaidh níos faide ná na margaí airgeadais. Féadfar leis sin, athléimneacht an fhíorgheilleagair agus cobhsaíocht an chórais airgeadais a mhéadú agus tríd an méid sin a dhéanamh, is féidir tionchar a imirt ar riosca agus toradh na dtáirgí airgeadais. Is den ríthábhacht, mar sin, go gcuirfidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais agus comhairleoirí airgeadais an fhaisnéis riachtanach ar fáil chun go mbeidh ar chumas infheisteoirí deiridh cinntí oilte a dhéanamh faoi infheistíocht.

([15]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (Údarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

([16]) Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Ghairme), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48).

([17]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

(20) Rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais, a mheasann drochthionchair phríomha na gcinntí infheistíochta ar fhachtóirí inbhuanaitheachta, ba cheart dóibh, san fhaisnéis réamhchonartha, i gcás gach táirge airgeadais, an bealach inar measadh na drochthionchair phríomha a nochtadh, ar bhealach beacht, i dtéarmaí cáilíochtúla nó cainníochtúla, mar aon le ráiteas go bhfuil faisnéis faoi na drochthionchair phríomha ar fhachtóirí inbhuanaitheachta ar fáil sa tuairisciú leanúnach. Ba cheart drochthionchair phríomha a thuiscint mar thionchair ar chinntí infheistíochta agus ar chomhairle a mbíonn éifeachtaí diúltacha acu ar fhachtóirí inbhuanaitheachta.

(21) Go dtí seo, forbraíodh táirgí inbhuanaithe a bhfuil leibhéil éagsúla uaillmhéine ag baint leo. Mar sin, chun críocha nochtadh réamhchonartha agus nochtadh trí bhíthin tuarascálacha tréimhsiúla is den ríthábhacht idirdhealú a dhéanamh idir na ceanglais do tháirgí airgeadais a chuireann saintréithe comhshaoil nó sóisialta chun cinn, agus na ceanglais sin do tháirgí airgeadais a bhfuil tionchar dearfach mar chuspóir leo, ó thaobh an chomhshaoil agus na sochaí. Dá thoradh sin, i dtaca leis na táirgí airgeadais a bhfuil tréithe comhshaoil nó sóisialta acu, ba cheart do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a nochtadh an bhfuil, agus an chaoi a bhfuil, an t-innéacs ainmnithe, an t-innéacs inbhuanaitheachta nó an t-innéacs príomhshrutha ailínithe leis na tréithe sin agus i gcás nach n-úsáidtear tagarmharc, faisnéis ar an gcaoi a n-urramaítear tréithe inbhuanaitheachta na dtáirgí airgeadais sin. Maidir le táirgí airgeadais arb é is cuspóir leo tionchar dearfach a imirt ar an gcomhshaol agus ar an tsochaí, ba cheart do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a nochtadh cén tagarmharc inbhuanaitheachta a úsáideann siad chun an fheidhmíocht inbhuanaithe a thomhas agus, i gcás nach n-úsáidtear tagarmharc, míniú a thabhairt ar an gcaoi a mbaintear an cuspóir inbhuanaithe amach. Ní mór na nochtaí sin a dhéanamh ina dtuarascálacha bliantúla.

(22) Tá an Rialachán seo gan dochar do na rialacha maidir le luach saothair nó maidir leis an measúnú ar fheidhmíocht bhaill foirne na rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais agus na gcomhairleoirí airgeadais faoi Threoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/65/AE, (AE) 2016/97, (AE) 2016/2341, agus Rialacháin (AE) Uimh. 345/2013 agus (AE) Uimh. 346/2013, nó do ghníomhartha cur chun feidhme agus, chomh maith leis sin, faoin dlí náisiúnta lena rialaítear táirgí pinsin phearsanta agus aonair, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, critéir comhréireachta ábhartha is infheidhme amhail méid, eagrúchán inmheánach agus cineál, raon feidhme agus castacht na ngníomhaíochtaí atá i gceist. Is iomchuí, áfach, tuilleadh trédhearcachta a bhaint amach i dtéarmaí cáilíochtúla nó cainníochtúla, maidir le beartais luacha saothair na rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais agus na gcomhairleoirí airgeadais, i ndáil lena gcomhairle maidir le hinfheistíocht nó árachas, lena gcuirtear bainistiú riosca fónta, éifeachtach chun cinn i dtaca le rioscaí inbhuanaitheachta de bhrí nach spreagtar leis an struchtúr luacha saothair rioscaí iomarcacha a ghlacadh i ndáil le rioscaí inbhuanaitheachta agus go bhfuil sé nasctha le feidhmíocht riosca-choigeartaithe.

(23) Chun trédhearcacht a fheabhsú agus infheisteoirí deiridh a chur ar an eolas, ba cheart rialáil a dhéanamh ar rochtain ar fhaisnéis i ndáil leis an gcaoi a ndéanann rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais agus comhairleoirí airgeadais rioscaí inbhuanaitheachta tábhachtacha, ar riosca ábhartha iad nó ar rioscaí iad ar dócha go mbeidh siad ábhartha, a chomhtháthú sna próisis chinnteoireachta infheistíochta, lena n-áirítear na gnéithe eagraíochtúla, bainistithe riosca agus rialachais de na próisis sin, agus ba cheart na próisis chomhairleacha sin, faoi seach, a rialáil trína cheangal ar na heintitis sin faisnéis bheacht a choinneáil maidir leis na beartais sin ar a suíomhanna ghréasáin.

(24) Leis na ceanglais reatha maidir le nochtadh a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais, ní cheanglaítear nochtadh na faisnéise uile atá riachtanach chun infheisteoirí deiridh a chur ar an eolas i gceart faoin tionchar atá ag a n-infheistíochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de i dtáirgí airgeadais a bhfuil sé mar aidhm leo saintréithe comhshaoil nó sóisialta, nó táirgí airgeadais a bhfuil cuspóirí inbhuanaitheachta ag gabháil leo, a chuimsiú. Mar sin de, is iomchuí ceanglais níos sainiúla agus níos caighdeánaí a leagan amach maidir le nochtadh a fhad a bhaineann le hinfheistíochtaí inbhuanaithe mar sin. Mar shampla, ba cheart tuairisciú rialta a dhéanamh ar an tionchar foriomlán atá ag táirgí airgeadais ó thaobh na hinbhuanaitheachta de, trí bhíthin táscairí atá ábhartha chun an cuspóir infheistíochta inbhuanaithe roghnaithe a thomhas. I gcás inar ainmníodh innéacs iomchuí mar thagarmharc, ba cheart an fhaisnéis sin a sholáthar freisin le haghaidh an innéacs ainmnithe agus le haghaidh innéacs leathan margaidh freisin sa dóigh is gur féidir comparáid a dhéanamh eatarthu. I gcás ina gcuireann bainisteoirí EuSEF faisnéis ar fáil maidir leis an tionchar sóisialta dearfach atá mar chuspóir ag ciste faoi leith, an toradh sóisialta foriomlán a baineadh amach agus na modhanna gaolmhara a úsáideadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 346/2013, d'fhéadfaidh siad, i gcás inarb iomchuí, an fhaisnéis sin a úsáid chun críocha na nochtaí faoin Rialachán seo.

(25) Forchuirtear le Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([18]) oibleagáidí trédhearcachta maidir le gnéithe comhshaoil, sóisialta agus ábhair a bhaineann le rialachas corparáideach i dtuairisciú neamhairgeadais. Níl foirm ná cur i láthair an tuairiscithe a éilítear leis an Treoir sin oiriúnach i gcónaí, áfach, lena úsáid ag rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais ná ag comhairleoirí airgeadais agus iad ag plé le hinfheisteoirí deiridh. Ba cheart an rogha a bheith ag rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais agus comhairleoirí airgeadais faisnéis i dtuarascálacha bainistíochta agus i ráitis neamhairgeadais a úsáid chun críocha an Rialacháin seo i gcomhréir leis an Treoir sin, i gcás inarb iomchuí.

---

([18]) Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara ó chineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE ón gComhairle agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

(26) Chun a áirithiú gurb iontaofa an fhaisnéis a fhoilsítear ar shuíomhanna gréasáin rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais agus comhairleoirí airgeadais, ba cheart an fhaisnéis sin a choinneáil cothrom le dáta, agus ba cheart aon athbhreithniú nó aon athrú ar an bhfaisnéis a mhíniú go soiléir.

(27) Cé nach gcumhdaítear leis an Rialachán seo scéimeanna slándála sóisialta náisiúnta a chumhdaítear faoi Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004 agus (CE) Uimh. 987/2009, i bhfianaise go bhfuil na Ballstáit oscailt amach codanna de bhainistiú na scéimeanna éigeantacha pinsin laistigh dá gcórais slándála sóisialta do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais nó d'eintitis eile faoin dlí príobháideach níos mó agus níos mó, agus go bhfuil scéimeanna den sórt sin neamhchosanta ar rioscaí inbhuanaitheachta freisin ionas go bhféadfaidís drochthionchair inbhuanaitheachta a mheas nó tréithe comhshaoil nó sóisialta a chur chun cinn nó infheistíochtaí inbhuanaithe, ba cheart go mbeadh an rogha ag na Ballstáit an Rialachán seo a chur i bhfeidhm maidir le scéimeanna den sórt sin chun an éagothroime ó thaobh faisnéise sa chaidreamh sin idir príomhaí agus gníomhaire a mhaolú.

(28) Níor cheart go gcuirtear cosc leis an Rialachán seo ar Bhallstáit forálacha a ghlacadh nó a choimeád i bhfeidhm, ar fhorálacha is déine iad maidir le beartais i ndáil le hoiriúnú don athrú aeráide, agus maidir le nochtaí breise maidir le rioscaí inbhuanaitheachta a bheith á bhfoilsiú d'infheisteoirí deiridh ar choinníoll go bhfuil ceannoifigí acu ar a gcríocha ag na rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais sin a ndéantar difear dóibh agus ag na comhairleoirí airgeadais sin a ndéantar difear dóibh. Níor cheart go mbeadh forálacha den sórt sin ina mbacanna ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ná ar bhaint amach a gcuspóirí, áfach.

(29) Faoi Threoir (AE) 2016/2341, ceanglaítear ar IORPanna cheana rialacha rialachais agus bainistithe riosca a chur i bhfeidhm maidir lena gcinntí infheistíochta agus leis na measúnuithe rioscaí d'fhonn comhleanúnachas agus rialtacht a áirithiú. Ba cheart na cinntí infheistíochta agus measúnú na rioscaí ábhartha, lena n-áirítear rioscaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais, a dhéanamh ar dhóigh ina n-áirithítear comhréireacht le leasanna comhaltaí agus tairbhithe IORPanna. Ba cheart do ÚEÁPC treoirlínte a eisiúint ina sonrófaí mar a chuirtear san áireamh sna cinntí infheistíochta agus measúnuithe riosca de chuid IORPanna na rioscaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais faoin Treoir sin.

(30) Ba cheart sainordú a thabhairt do ÚBE, do ÚEÁPC agus do ESMA (a dtugtar ÚMEnna orthu go cineálach), trí mheán an Chomhchoiste, d'fhonn dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt lena sonrófaí a thuilleadh mionsonraí faoi ábhar, modheolaíochtaí agus cur i láthair na faisnéise a bhaineann le táscairí inbhuanaitheachta maidir le drochthionchair aeráide agus drochthionchair eile a bhaineann leis an gcomhshaol, agus le hábhair shóisialta agus ábhair a bhaineann le fostaithe, faoi urraim do chearta an duine, le frithéilliú agus breabaireacht, chomh maith le cur i láthair agus ábhar na faisnéise i dtaca le saintréithe comhshaoil nó sóisialta a chur chun cinn agus cuspóirí infheistíochta inbhuanaitheachta atá le nochtadh i ndoiciméid réamhchonarthacha, i dtuarascálacha tréimhsiúla bliantúla agus ar shuíomhanna ghréasáin rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a shonrú i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010. Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tairmlighte de bhun Airteagal 290 de Chonradh Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010.

(31) Ba cheart sainordú a thabhairt do ÚMEnna, trí mheán an Chomhchoiste, d'fhonn dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun cur i láthair caighdeánach na faisnéise ar chur chun cinn tréithe comhshaoil nó sóisialta agus infheistíochtaí inbhuanaithe i gcumarsáidí margaíochta a chinneadh. Ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla chur chun feidhme sin a ghlacadh trí bhíthin gníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal 291 den CFAE agus i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010.

(32) Ós rud é go dtugtar achoimre i bprionsabal sna tuarascálacha bliantúla ar thorthaí gnó do bhlianta féilire iomlána, ba cheart nach mbeadh feidhm ag forálacha an Rialacháin seo maidir le ceanglais trédhearcachta i dtuarascálacha den chineál sin go dtí an 1 Eanáir 2022.

(33) Leis na rialacha maidir le nochtadh atá sa Rialachán seo, ba cheart forálacha Threoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE, 2011/61/AE, 2014/65/AE, (AE) 2016/97, agus (AE) 2016/2341, agus Rialacháin (AE) Uimh. 345/2013, (AE) Uimh. 346/2013, (AE) 2015/760, agus (AE) 2019/1238 a fhorlíonadh.

(34) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(35) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach, eadhon cosaint d'infheisteoirí deiridh a neartú agus nochtaí dóibh a fheabhsú, lena n-áirítear i gcás ceannacháin trasteorann d'infheisteoirí deiridh, ach, mar gheall gur gá ceanglais nochta aonfhoirmeacha a leagan síos, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais ag leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha comhchuibhithe do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais agus do chomhairleoirí airgeadais maidir leis an trédhearcacht i dtaobh comhtháthú rioscaí inbhuanaitheachta agus i dtaobh dhrochthionchair inbhuanaitheachta a mheas ina bpróisis agus ó thaobh faisnéis ó thaobh na hinbhuanaitheachta de a chur ar fáil i dtaca le táirgí airgeadais.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "rannpháirtí sa mhargadh airgeadais":

(a) gnóthas árachais a chuireann táirge infheistíochta atá árachas-bhunaithe (IBIP) ar fáil;

(b) institiúid chreidmheasa a sholáthraíonn bainistíocht punainne;

(c) institiúidí le haghaidh soláthair sochair scoir cheirde (IORP);

(d) monaróir táirge pinsin;

(e) bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha (BCIM);

(f) soláthraí táirge pinsin phearsanta uile-Eorpach (TPPU);

(g) bainisteoir um chiste caipitil fiontair cáilitheach atá cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 345/2013;

(h) bainisteoir um chiste fiontraíochta sóisialta cáilitheach atá cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 346/2013;

(i) cuideachta bainistíochta maidir le gnóthas comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe (cuideachta bainistíochta GCUI); nó

(j) institiúid chreidmheasa a sholáthraíonn bainistíocht punainne;

(2) ciallaíonn "gnóthas árachais" gnóthas árachais atá údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 18 de Threoir 2009/138/CE;

(3) ciallaíonn "táirge infheistíochta atá árachas-bhunaithe" nó "IBIP":

(a) táirge infheistíochta atá árachas-bhunaithe mar a shainmhínítear i bpointe (2) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([19]); nó

(b) táirge árachais, arna chur ar fáil d'infheisteoir gairmiúil agus a thairgeann luach aibíochta nó géilliúna atá neamhchosanta go páirteach nó go hiomlán, go díreach nó go hindíreach, ar luaineachtaí an mhargaidh;

(4) ciallaíonn "bainisteoir cistí infheistíochta malartacha" nó "BCIM" BCIM mar a shainmhínítear i bpointe (b) d'Airteagal 4(1) de Threoir 2011/61/AE;

(5) ciallaíonn "gnólacht infheistíochta" gnólacht infheistíochta mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 4(1) de Threoir 2014/65/AE;

(6) ciallaíonn "bainistíocht punainne" bainistíocht punainne mar a shainmhínítear i bpointe (8) d'Airteagal 4(1) de Threoir 2014/65/AE;

(7) ciallaíonn "institiúidí le haghaidh soláthair sochair scoir cheirde" nó "IORP" le haghaidh soláthair sochair scoir cheirde atá údaraithe nó cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 9 de Threoir (AE) 2016/2341 seachas institiúid a roghnaigh Ballstát d'fhonn Airteagal 5 den Treoir sin a chur i bhfeidhm nó institiúid a bhfuil scéimeanna pinsin á bhfeidhmiú aici, a bhfuil níos lú ná 15 bhall san iomlán iontu;

([19]) Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2014 maidir le doiciméid um fhaisnéis bhunriachtanach do tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (PRIIPanna) (IO L 352, 9.12.2014, lch. 1).

(8) ciallaíonn "táirge pinsin":

(a) táirge pinsin dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014; nó

(b) táirge pinsin aonair dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014;

(9) ciallaíonn "Táirge Pinsin Phearsanta uile-Eorpach" nó "TPPU" táirge dá dtagraítear i bpointe (2) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/1238;

(10) ciallaíonn "cuideachta bainistíochta GCUI":

(a) cuideachta bainistíochta mar a shainmhínítear i bpointe (b) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2009/65/CE; nó

(b) cuideachta infheistíochta arna húdarú i gcomhréir le Treoir 2009/65/CE nár ainmnigh cuideachta bainistíochta arna húdarú faoin Treoir sin le haghaidh a bhainistithe;

(11) ciallaíonn "comhairleoir airgeadais":

(a) idirghabhálaí árachais a sholáthraíonn comhairle árachais i dtaca le IBIPanna;

(b) gnóthas árachais a sholáthraíonn comhairle árachais i dtaca le IBIPanna;

(c) institiúid chreidmheasa a sholáthraíonn comhairle infheistíochta;

(d) gnólacht infheistíochta a sholáthraíonn comhairle infheistíochta;

(e) BCIM a sholáthraíonn comhairle infheistíochta i gcomhréir le pointe (b)(i) d'Airteagal 6(4) de Threoir 2011/61/AE; nó

(f) cuideachta bainistíochta GCUI a sholáthraíonn comhairle infheistíochta i gcomhréir le pointe (b)(i) d'Airteagal 6 (3) de Threoir 2009/65/CE;

(12) ciallaíonn "táirge airgeadais":

(a) punann a bhainistítear i gcomhréir le pointe (6) den Airteagal seo;

(b) cistí infheistíochta malartacha (CIM);

(c) IBIP;

(d) táirge pinsin;

(e) scéim pinsin;

(f) GCUI; nó

(g) TPPU;

(13) ciallaíonn "cistí infheistíochta malartacha" nó "CIManna" CIManna mar a shainmhínítear i bpointe (a) d'Airteagal 4(1) de Threoir 2011/61/AE;

(14) ciallaíonn "scéim pinsin" scéim pinsin mar a shainmhínítear i bpointe (2) d'Airteagal 6 de Threoir (AE) 2016/2341;

(15) ciallaíonn "gnóthas le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe" nó "GCUI" gnóthas arna n-údarú i gcomhréir le hAirteagal 5 de Threoir 2009/65/CE;

(16) ciallaíonn "comhairle infheistíochta" comhairle infheistíochta mar a shainmhínítear i bpointe (4) d'Airteagal 4(1) de Threoir 2014/65/AE;

(17) ciallaíonn "infheistíocht inbhuanaithe" infheistíocht i ngníomhaíocht eacnamaíoch a rannchuidíonn le cuspóir comhshaoil, amhail infheistíochtaí a thomhaistear de réir príomhtháscairí éifeachtúlachta acmhainní maidir le fuinneamh, fuinneamh inathnuaite, amhábhair, uisce agus talamh a úsáid, agus maidir le táirgeadh dramhaíola, agus maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, agus maidir leis an tionchar ar an mbithéagsúlacht agus ar an ngeilleagar ciorclach, nó infheistíocht i ngníomhaíocht eacnamaíoch a rannchuidíonn le cuspóir sóisialta, go háirithe infheistíocht a rannchuidíonn le dul i ngleic leis an éagothroime nó a chothaíonn comhtháthú sóisialta, lánpháirtiú sóisialta agus caidreamh fostaithe, nó infheistíocht i gcaipiteal daonna nó i bpobail atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialta, fad is nach ndéanann na hinfheistíochtaí dochar mór d'aon cheann de na cuspóirí sin agus go leanann na cuideachtaí infheistiúcháin dea-chleachtais rialachais, go háirithe i ndáil le struchtúir fhónta bhainistíochta, caidreamh fostaithe, luach saothair do bhaill foirne ábhartha agus comhlíonadh cánach;

(18) ciallaíonn "infheisteoir gairmiúil" cliant a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2014/65/AE;

(19) ciallaíonn "infheisteoir miondíola" infheisteoir nach infheisteoir gairmiúil é;

(20) ciallaíonn "idirghabhálaí árachais" idirghabhálaí árachais mar a shainmhínítear i bpointe (3) d'Airteagal 2(1) de Threoir (AE) 2016/97;

(21) ciallaíonn "comhairle árachais" comhairle mar a shainmhínítear i bpointe (15) d'Airteagal 2(1) de Threoir (AE) 2016/97;

(22) ciallaíonn "riosca inbhuanaitheachta" teagmhas nó dáil ó thaobh an chomhshaoil, nó an rialachais de, nó teagmhas sóisialta nó dáil shóisialta, a d'fhéadfadh, dá dtarlódh sé nó sí, tionchar diúltach ábhartha iarbhír nó ionchasach a imirt ar luach na hinfheistíochta;

(23) ciallaíonn "ciste infheistíochta fadtéarmaí Eorpach" nó "ELTIF" ciste atá údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2015/760;

(24) ciallaíonn "tosca inbhuanaitheachta" cúrsaí comhshaoil, cúrsaí sóisialta agus ábhair a bhaineann le fostaithe, le hurraim do chearta an duine, leis an bhfrithéilliú agus leis an bhfrith-bhreabaireacht.

*Airteagal 3*

**Trédhearcacht na mbeartas maidir le rioscaí inbhuanaitheachta**

1. Foilseoidh rannpháirtithe margaidh airgeadais ar a láithreáin ghréasáin faisnéis faoina mbeartais maidir le comhtháthú rioscaí inbhuanaitheachta sa phróiseas cinnteoireachta infheistíochta acu.

2. Foilseoidh comhairleoirí airgeadais ar a láithreáin ghréasáin faisnéis faoina mbeartais maidir le comhtháthú rioscaí inbhuanaitheachta ina gcomhairle infheistíochta nó comhairle árachais.

*Airteagal 4*

**Trédhearcacht tionchar inbhuanaitheachta diúltach ar leibhéal eintitis**

1. Foilseoidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais ar a láithreáin ghréasáin:

(a) i gcás ina measann siad drochthionchair phríomha na gcinntí infheistíochta ar thosca inbhuanaitheachta, ráiteas maidir le beartais díchill chuí i ndáil leis na drochthionchair phríomha sin, agus aird chuí á tabhairt acu ar mhéid, cineál agus scála a ngníomhaíochtaí agus ar chineálacha na dtáirgí airgeadais a chuireann siad ar fáil; nó

(b) i gcás nach measann siad drochthionchair na gcinntí infheistíochta ar thosca inbhuanaitheachta, cúiseanna soiléire maidir leis an bhfáth nach ndéanann siad amhlaidh, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, faisnéis maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé beartaithe acu drochthionchair den chineál sin a mheas agus cathain a dhéanfaidh siad amhlaidh.

2. Áireoidh na rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais san fhaisnéis a chuirfear ar fáil i gcomhréir le pointe (a) de mhír 1 ar a laghad an méid a leanas:

(a) faisnéis maidir lena mbeartais i ndáil le sainaithint drochthionchar agus táscairí príomha inbhuanaitheachta agus i ndáil lena gcur in ord tosaíochta;

(b) tuairisc ar na drochthionchair phríomha inbhuanaitheachta agus ar aon ghníomhaíochtaí i ndáil leo a rinneadh nó, i gcás inarb ábhartha, atá beartaithe;

(c) achoimrí gearra ar bheartais rannpháirtíochta i gcomhréir le hAirteagal 3g de Rialachán 2007/36/CE, i gcás inarb infheidhme;

(d) tagairt don chomhlíonadh uathu le cóid fhreagracha iompair agus don chomhlíonadh uathu le caighdeáin maidir le dícheall cuí agus tuairisciú a aithnítear go hidirnáisiúnta agus, i gcás inarb ábhartha, don mhéid a bhfuil siad ailínithe le spriocanna Chomhaontú Pháras.

3. De mhaolú ar mhír 1 ón 30 Meitheamh 2021, déanfaidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a sháraíonn ar a gclár comhardaithe an critéir i ndáil le meánlíon 500 fostaí le linn na bliana airgeadais ráiteas maidir le beartais díchill chuí i dtaca le drochthionchair phríomha na gcinntí infheistíochta ar thosca inbhuanaitheachta a fhoilsiú agus a chothabháil ar a láithreáin ghréasáin. Áireofar ar a laghad sa ráiteas sin an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2.

4. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, ón 30 Meitheamh 2021, déanfaidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais ar máthairghnóthais atá ina bpáirt de ghrúpa mór iad dá dtagraítear in Airteagal 3(7) de Threoir 2013/34/AE a sháraíonn ar chlár comhardaithe an ghrúpa, ar bhonn comhdhlúithe, an critéir i ndáil le líon de 500 fostaí ar an meán le linn na bliana airgeadais ráiteas maidir le cleachtais díchill chuí i dtaca le drochthionchair phríomha na gcinntí infheistíochta ar thosca inbhuanaitheachta a fhoilsiú agus a chothabháil ar a láithreáin ghréasáin. Áireofar ar a laghad sa ráiteas sin an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2.

5. Foilseoidh comhairleoirí airgeadais ar a láithreáin ghréasáin:

(a) faisnéis maidir le cé acu a ndéanann siad nó nach ndéanann, agus aird chuí á tabhairt ar a méid, ar a gcineál agus ar scála a ngníomhaíochtaí agus ar na cineálacha táirgí airgeadais a dtugann siad comhairle ina leith, drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta a mheas ina gcuid comhairle infheistíochta nó comhairle árachais; nó

(b) faisnéis maidir leis an bhfáth nach measann siad drochthionchair na gcinntí infheistíochta ar thosca inbhuanaitheachta ina gcomhairle infheistíochta nó ina gcomhairle árachais, agus, i gcás inarb ábhartha, faisnéis san áireamh maidir le cibé an bhfuil sé beartaithe acu drochthionchair den chineál sin a mheas agus cathain a dhéanfaidh siad amhlaidh.

6. Faoin 30 Nollaig 2020, forbróidh na ÚMEnna, tríd an gComhchoiste, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 chun táscairí inbhuanaitheachta maidir le drochthionchair a bhaineann leis an aeráid agus drochthionchair eile a bhaineann leis an gcomhshaol a shonrú, maidir le hábhar, modheolaíochtaí agus cur i láthair na faisnéise dá dtagraítear i míreanna 1 go 5 den Airteagal seo i dtaca le táscairí inbhuanaitheachta maidir le drochthionchair aeráide agus drochthionchair eile a bhaineann leis an gcomhshaol.

Déanfaidh na ÚMEnna ionchur a lorg, i gcás inarb ábhartha, ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil agus ón Airmheán Comhpháirteach Taighde de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.

Tarmligtear chuig an gCoimisiún an chumhacht chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010.

7. Faoin 30 Nollaig 2021, i dtaca le táscairí inbhuanaitheachta maidir le drochthionchair a bhaineann le réimse cúrsaí sóisialta agus fostaithe, urraim do chearta an duine, frithéilliú agus cúrsaí breabaireachta, forbróidh na ÚMEnna, tríd an gComhchoiste, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála i gcomhréir le hAirteagal 10 go 14 de Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 maidir le hábhar, modheolaíochtaí agus cur i láthair na faisnéise dá dtagraítear i míreanna 1 go 5 den Airteagal seo i dtaca le táscairí inbhuanaitheachta maidir le drochthionchair a bhaineann le réimse cúrsaí sóisialta agus fostaithe, urraim do chearta an duine, frithéilliú agus cúrsaí breabaireachta,

Tarmligtear chuig an gCoimisiún an chumhacht chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010.

*Airteagal 5*

**Trédhearcacht na mbeartas luacha saothair maidir le comhtháthú na rioscaí inbhuanaitheachta**

1. Áireoidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais agus comhairleoirí airgeadais ar a mbeartais luacha saothair faisnéis faoin gcaoi a bhfuil na beartais sin ag teacht le comhtháthú rioscaí inbhuanaitheachta agus foilseoidh siad an fhaisnéis sin ar a láithreáin ghréasáin.

2. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a áireamh i mbeartais luacha saothair a bhunóidh agus a chothóidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais agus comhairleoirí airgeadais i gcomhréir le reachtaíocht earnála, go háirithe Treoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/65/AE, (AE) 2016/97 agus (AE) 2016/2341.

*Airteagal 6*

**Trédhearcacht chomhtháthú na rioscaí inbhuanaitheachta**

1. Áireoidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais tuairisc ar na nithe seo a leanas i nochtaí réamhchonartha:

(a) an chaoi a gcomhtháthaítear rioscaí inbhuanaitheachta ina gcinntí infheistíochta; agus

(b) torthaí an mheasúnaithe ar thionchair dhóchúla na rioscaí inbhuanaitheachta ar fháltais na dtáirgí airgeadais a chuireann siad ar fáil.

I gcás ina measfaidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais nach bhfuil na rioscaí inbhuanaitheachta ábhartha, áireoidh na tuairiscí dá dtagraítear sa chéad fhomhír míniú soiléir gonta ar an bhfáth leis an méid sin.

2. Áireoidh comhairleoirí airgeadais tuairiscí ar na nithe seo a leanas i nochtaí réamhchonarthacha:

(a) an chaoi a gcomhtháthaítear rioscaí inbhuanaitheachta ina gcomhairle infheistíochta nó árachais; agus

(b) toradh an mheasúnaithe ar thionchair dhóchúla na rioscaí inbhuanaitheachta ar fháltais na dtáirgí airgeadais a dtugann siad comhairle ina leith.

I gcás ina measfaidh comhairleoirí airgeadais nach bhfuil na rioscaí inbhuanaitheachta ábhartha, áireoidh na tuairiscí dá dtagraítear sa chéad fhomhír míniú soiléir gonta ar an bhfáth leis an méid sin.

3. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo a nochtadh mar seo a leanas:

(a) i gcás BCIManna, sna nochtaí d'infheisteoirí dá dtagraítear in Airteagal 23(1) de Threoir 2011/61/AE;

(b) i gcás gnóthais árachais, i soláthar na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 185(2) de Threoir 2009/138/CE nó, i gcás inarb ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 29(1) de Threoir (AE) 2016/97;

(c) i gcás IORPanna, i soláthar na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 41 de Threoir (AE) 2016/2341;

(d) i gcás bainisteoirí um chistí caipitil fiontair cáilitheacha, i soláthar na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 345/2013;

(e) i gcás bainisteoirí um chistí fiontraíochta sóisialta cáilitheacha, i soláthar na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimh. 346/2013;

(f) i gcás déantóirí táirgí pinsin, i scríbhinn in am trátha sula mbíonn infheisteoir miondíola faoi cheangal ag conradh a bhaineann le táirge pinsin;

(g) i gcás cuideachtaí bainistíochta GCUI, sa réamheolaire dá dtagraítear in Airteagal 69 de Threoir 2009/65/CE;

(h) i gcás gnólachtaí infheistíochta a sholáthraíonn bainistíocht punainne nó a sholáthraíonn comhairle infheistíochta, i gcomhréir le hAirteagal 24(4) de Threoir 2014/65/AE;

(i) i gcás institiúidí creidmheasa a sholáthraíonn bainistíocht punainne nó a sholáthraíonn comhairle infheistíochta, i gcomhréir le hAirteagal 24(4) de Threoir 2014/65/AE;

(j) i gcás idirghabhálaithe árachais agus gnóthais árachais a chuireann comhairle árachais ar fáil maidir le IBIPanna agus i gcás idirghabhálaithe árachais a chuireann comhairle árachais ar fáil maidir le táirgí pinsin atá nochta do luaineachtaí sa mhargadh, i gcomhréir le hAirteagal 29(1) de Threoir (AE) 2016/97;

(k) i gcás BCIManna de chuid ELTIFanna, sa réamheolaire dá dtagraítear in Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2015/760;

(l) i gcás soláthraithe TPPUnna, sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí TPPU dá dtagraítear in Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2019/1238.

*Airteagal 7*

**Trédhearcacht tionchar inbhuanaitheachta diúltach ar leibhéal táirge airgeadais**

1. Faoi 30 Nollaig 2022, i gcás gach táirge airgeadais, nuair a chuirfidh rannpháirtí sa mhargadh airgeadais pointe (a) d'Airteagal 4(1) nó Airteagal 4(3) nó (4) i bhfeidhm, áireofar an méid seo a leanas sna nochtaí dá dtagraítear in Airteagal 6 (3):

(a) míniú soiléir, réasúnaithe maidir le cibé an measann táirge airgeadais drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta agus i gcás ina measann sé, conas a dhéanann sé amhlaidh;

(b) ráiteas go bhfuil faisnéis maidir le drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta ar fáil san fhaisnéis atá le nochtadh de bhun Airteagal 11(2).

I gcás ina bhfuil cainníochtaithe maidir le drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta san fhaisnéis in Airteagal 11(2), féadfaidh an fhaisnéis sin a bhrath ar na forálacha sna caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh de bhun Airteagail 4(6) agus (7).

2. I gcás gach táirge airgeadais, nuair a chuireann rannpháirtí sa mhargadh airgeadais pointe (b) d'Airteagal 4(1) i bhfeidhm, áireofar sna nochtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(3) ráiteas nach ndéanann an rannpháirtí sa mhargadh airgeadais drochthionchair na gcinntí infheistíochta ar thosca inbhuanaitheachta a mheas agus na fáthanna nach ndéanann sé amhlaidh.

*Airteagal 8*

**Trédhearcacht cur chun cinn tréithe comhshaoil nó sóisialta i nochtaí réamhchonarthacha**

1. I gcás ina gcuireann táirge airgeadais, i measc saintréithe eile, saintréithe comhshaoil nó sóisialta, nó meascán díobh sin chun cinn, ar choinníoll go bhfuil na cuideachtaí a ndéantar na hinfheistíochtaí iontu ag cloí le dea-chleachtais rialachais, áireoidh an fhaisnéis a nochtfar de bhun Airteagal 6(1) agus (3) na sonraí seo a leanas:

(a) faisnéis faoin gcaoi a gcomhlíontar na tréithe sin;

(b) má ainmníodh innéacs mar thagarmharc, faisnéis faoi an bhfuil nó nach bhfuil an t-innéacs sin i gcomhréir leis na tréithe sin agus an chaoi a bhfuil an t-innéacs i gcomhréir leo.

2. San fhaisnéis atá le nochtadh de bhun Airteagal 6(1) agus (3), áireoidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais léiriú ar an áit a bhfuil fáil ar an modheolaíocht a úsáidtear leis an innéacs dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ríomh.

3. Déanfaidh na ÚMEnna, tríd an gComhchoiste, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt ina sonrófar na mionsonraí maidir le cur i láthair agus ábhar na faisnéise atá le nochtadh de bhun an Airteagail seo.

Nuair a bheidh na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír á bhforbairt, cuirfidh na ÚMEnna san áireamh na cineálacha éagsúla táirgí airgeadais, na tréithe a ghabhann leo agus na difríochtaí eatarthu chomh maith leis an aidhm nochtaí cruinne, cothroma, soiléire, nach bhfuil míthreorach, a dhéanamh, agus iad simplí agus gonta chomh maith.

Cuirfidh na ÚMEnna na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Nollaig 2020.

Tarmligtear cumhacht chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010.

*Airteagal 9*

**Trédhearcacht infheistíochtaí inbhuanaithe i nochtaí réamhchonarthacha**

1. I gcás ina bhfuil sé mar sprioc ag táirge airgeadais infheistíochtaí inbhuanaithe a dhéanamh agus i gcás inar ainmníodh innéacs mar thagarmharc, beidh an méid seo a leanas ag gabháil leis an bhfaisnéis atá le nochtadh de bhun Airteagal 6(1) agus (3):

(a) faisnéis ar an gcaoi a bhfuil an t-innéacs ainmnithe ailínithe leis an sprioc sin;

(b) míniú ar an bhfáth agus ar an gcaoi a bhfuil an t-innéacs ainmnithe atá ailínithe leis an sprioc sin difriúil le hinnéacs leathan margaidh.

2. I gcás ina bhfuil sé mar sprioc ag táirge airgeadais infheistíochtaí inbhuanaithe a dhéanamh, agus i gcás nár ainmníodh aon innéacs mar thagarmharc, áireofar san fhaisnéis atá le nochtadh de bhun Airteagal 6(1) agus (3) míniú ar an gcaoi a bhfuil an sprioc sin le baint amach.

3. I gcás ina bhfuil sé mar sprioc ag táirge airgeadais astaíochtaí carbóin a laghdú, áireofar san fhaisnéis atá le nochtadh de bhun Airteagal 6(1) agus (3) míniú mionsonraithe ar an gcaoi a n-áirithítear nochtadh astaíochtaí ísealcharbóin d'fhonn na spriocanna fadtéarmacha i leith an téimh domhanda de Chomhaontú Pháras a bhaint amach.

De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo, i gcás nach bhfuil tagarmharc AE aistrithe aeráide nó tagarmharc AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([20]) ar fáil, áireofar leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 6 míniú mionsonraithe ar an gcaoi a n-áirithítear go leanfar den iarracht chun an sprioc sin d'astaíochtaí carbóin a laghdú a bhaint amach d'fhonn na spriocanna fadtéarmacha i leith an téimh domhanda de Chomhaontú Pháras a bhaint amach.

4. San fhaisnéis atá le nochtadh de bhun Airteagal 6(1) agus (3), áireoidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais léiriú ar an áit a bhfuil fáil ar an modheolaíocht a úsáidtear leis na hinnéacsanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo chomh maith leis na tagarmharcanna dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 3 den Airteagal seo a ríomh.

5. Déanfaidh na ÚMEnna, tríd an gComhchoiste, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt ina sonrófar na mionsonraí maidir le cur i láthair agus ábhar na faisnéise atá le nochtadh de bhun an Airteagail seo.

Nuair a bheidh na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo á bhforbairt ag na ÚMEnna, cuirfear san áireamh na cineálacha éagsúla táirgí airgeadais, na cuspóirí atá acu dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 agus na difríochtaí eatarthu chomh maith leis an aidhm nochtaí cruinne, cothroma, soiléire, nach bhfuil míthreorach, a dhéanamh, agus iad simplí agus gonta.

([20]) Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais, nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (IO L 171, 29.6.2016, lch. 1).

Cuirfidh na ÚMEnna na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Nollaig 2020.

Tarmligtear cumhacht chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010.

*Airteagal 10*

**Trédhearcacht cur chun cinn tréithe comhshaoil nó sóisialta agus infheistíochtaí inbhuanaithe ar láithreáin ghréasáin**

1. I gcás gach táirge airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 8(1) agus in Airteagal 9(1), (2) agus (3), foilseoidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais an fhaisnéis seo a leanas ar a láithreáin ghréasáin agus coinneoidh siad cothrom le dáta í:

(a) tuairisc ar na tréithe comhshaoil nó sóisialta nó ar an gcuspóir infheistíochta inbhuanaithe;

(b) faisnéis ar na modheolaíochtaí a úsáidtear chun measúnú, tomhas agus faireachán a dhéanamh ar na tréithe comhshaoil nó sóisialta nó ar thionchar na n-infheistíochtaí inbhuanaithe a roghnaíodh don táirge airgeadais, lena n-áirítear a fhoinsí sonraí, na critéir scagtha do na sócmhainní foluiteacha agus na táscairí inbhuanaitheachta ábhartha a úsáidtear chun tomhas a dhéanamh ar shaintréithe comhshaoil nó sóisialta nó ar thionchar inbhuanaithe foriomlán an táirge airgeadais;

(c) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 8 agus 9;

(d) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 11.

Beidh an fhaisnéis atá le nochtadh de bhun na chéad fhomhíre soiléir, gonta agus sothuigthe d'infheisteoirí. Foilseofar an fhaisnéis sin ar bhealach atá cruinn, cothrom, soiléir, ar bhealach nach mbeidh míthreorach, atá simplí agus beacht agus in áit fheiceálach ar an láithreán gréasáin ar a bhfuil rochtain éasca.

2. Forbróidh na ÚMEnna, trí mheán an Chomhchoiste, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrófar na mionsonraí maidir le hábhar na faisnéise dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) den chéad fhomhír de mhír 1, agus na ceanglais maidir le cur i láthair dá dtagraítear sa dara fomhír den mhír sin.

Nuair a bheidh na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo á bhforbairt ag na ÚMEnna, cuirfear san áireamh na cineálacha éagsúla táirgí airgeadais, na saintréithe agus na cuspóirí a ghabhann leo amhail dá dtagraítear i mír 1 agus na difríochtaí eatarthu. Tabharfaidh na ÚMEnna na caighdeáin theicniúla rialála cothrom le dáta i bhfianaise forbairtí rialála agus teicneolaíochta.

Cuirfidh na ÚMEnna na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Nollaig 2020.

Tarmligtear cumhacht chuig an gCoimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010.

*Airteagal 11*

**Trédhearcacht cur chun cinn tréithe comhshaoil nó sóisialta agus infheistíochtaí inbhuanaithe i dtuarascálacha tréimhsiúla**

1. I gcás ina gcuireann rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais táirge airgeadais ar fáil amhail dá dtagraítear in Airteagal 8 (1) nó in Airteagal 9(1), (2) nó (3), áireoidh siad tuairisc ar na nithe seo a leanas ina dtuarascálacha tréimhsiúla:

(a) i gcás táirge airgeadais amhail dá dtagraítear in Airteagal 8(1), a mhéid a bhaintear tréithe comhshaoil nó sóisialta amach;

(b) le haghaidh táirge airgeadais amhail dá dtagraítear in Airteagal 9(1), (2) nó (3):

   (i) tionchar foriomlán an táirge airgeadais ó thaobh na hinbhuanaitheachta de trí bhíthin táscairí inbhuanaitheachta ábhartha; nó

   (ii) i gcás inar ainmníodh innéacs mar thagarmharc, comparáid idir tionchar foriomlán atá ag an táirge airgeadais ó thaobh na hinbhuanaitheachta de leis an innéacs ainmnithe agus le tionchair an innéacs leathan margaidh trí tháscairí inbhuanaitheachta.

2. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a nochtadh mar seo a leanas:

(a) i gcás BCIManna, sa tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 22 de Threoir 2011/61/AE;

(b) i gcás gnóthas árachais, ar bhonn bliantúil i scríbhinn i gcomhréir le hAirteagal 185(6) de Threoir 2009/138/CE;

(c) i gcás IORPanna, sa tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 29 de Threoir (AE) 2016/2341;

(d) i gcás bainisteoirí um chistí caipitil fiontair cáilitheacha, sa tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 345/2013;

(e) i gcás bainisteoirí um chistí fiontraíochta sóisialta cáilitheacha, sa tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 346/2013;

(f) i gcás déantóirí táirgí pinsin, i scríbhinn sa tuarascáil bhliantúil nó i dtuarascáil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta;

(g) i gcás cuideachtaí bainistíochta GCUI, sa tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 69 de Threoir 2009/65/CE;

(h) i gcás gnólachtaí infheistíochta a sholáthraíonn bainistíocht punainne, i dtuarascáil thréimhsiúil dá dtagraítear in Airteagal 25(6) de Threoir 2014/65/AE;

(i) i gcás institiúidí creidmheasa a sholáthraíonn bainistíocht punainne, go bliantúil sna tuarascálacha tréimhsiúla dá dtagraítear in Airteagal 25(6) de Threoir 2014/65/AE;

(j) i gcás soláthraithe TPPU, i ráiteas sochair TPPU dá dtagraítear in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2019/1238.

3. Chun críocha mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais an fhaisnéis i dtuarascálacha bainistíochta a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 19 de Threoir 2013/34/AE nó an fhaisnéis i ráitis neamhairgeadais a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 19a den Treoir sin i gcás inarb iomchuí.

4. Forbróidh na ÚMEnna, trí mheán an Chomhchoiste, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrófar na mionsonraí maidir le cur i láthair agus ábhar na faisnéise dá dtagraítear i mír 1.

Nuair a bheidh na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír á bhforbairt ag na ÚMEnna, cuirfear san áireamh na cineálacha éagsúla táirgí airgeadais, na saintréithe agus na cuspóirí a ghabhann leo agus na difríochtaí eatarthu. Tabharfaidh na ÚMEnna na caighdeáin theicniúla rialála cothrom le dáta i bhfianaise forbairtí rialála agus teicneolaíochta.

Cuirfidh na ÚMEnna na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Nollaig 2020.

Tarmligtear cumhacht chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010.

*Airteagal 12*

**Athbhreithniú ar nochtaí**

1. Áiritheoidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais go gcoimeádfar cothrom le dáta aon fhaisnéis a fhoilsítear i gcomhréir le hAirteagal 3, 5 nó 10. I gcás ina leasaíonn rannpháirtithe margaidh airgeadais faisnéis den sórt sin, foilseofar míniú soiléir ar leasú mar sin ar an láithreán gréasáin céanna.

2. Beidh mír 1 i bhfeidhm *mutatis mutandis* i gcás comhairleoirí airgeadais maidir le faisnéis ar bith a fhoilsítear i gcomhréir le hAirteagail 3 agus 5.

*Airteagal 13*

**Cumarsáid mhargaíochta**

1. Gan dochar do reachtaíocht earnála níos righne, go háirithe Treoracha 2009/65/CE, 2014/65/AE agus (AE) 2016/97 agus Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014, áiritheoidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais agus comhairleoirí airgeadais nach mbréagnaíonn a gcumarsáid mhargaíochta an fhaisnéis a nochtar de bhun an Rialacháin seo.

2. Féadfaidh na ÚMEnna, trí mheán an Chomhchoiste, dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a dhréachtú chun cur i láthair caighdeánach na faisnéise ar chur chun cinn tréithe comhshaoil nó sóisialta agus infheistíochtaí inbhuanaithe a chinneadh.

Tarmligtear cumhacht chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla chur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010.

*Airteagal 14*

**Na húdaráis inniúla**

1. Áiritheoidh Ballstáit go ndéanfaidh údaráis inniúla a ainmneofar i gcomhréir le reachtaíocht earnála, go háirithe an reachtaíocht earnála dá dtagraítear in Airteagal 6(3) den Rialachán seo, agus i gcomhréir le Treoir 2013/36/AE, faireachán ar chomhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo ag rannpháirtithe margaidh airgeadais agus ag chomhairleoirí airgeadais. Beidh na cumhachtaí maoirseachta agus imscrúdaithe uile ag na húdaráis inniúla atá riachtanach chun a gcuid feidhmeanna a fheidhmiú faoin Rialachán seo.

2. Chun críocha an Rialacháin seo, comhoibreoidh na húdaráis inniúla lena chéile agus tabharfaidh siad, gan aon mhoill mhíchuí, pé faisnéis dá chéile arb ábhartha chun críocha a gcuid dualgas a chomhlíonadh faoin Rialachán seo.

*Airteagal 15*

**Trédhearcacht i gcás IORPanna agus idirghabhálaithe árachais**

1. Foilseoidh IORPanna an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 3 go 7 agus sa chéad fhomhír d'Airteagal 10(1) den Rialachán seo i gcomhréir le pointe (f) d'Airteagal 36(2) de Threoir (AE) 2016/2341.

2. Cuirfidh idirghabhálaithe árachais an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 3, Airteagal 4(5), Airteagal 5, Airteagal 6 agus sa chéad fhomhír d'Airteagal 10(1), den Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 23 de Threoir (AE) 2016/97.

*Airteagal 16*

**Táirgí pinsin a chumhdaítear le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus (CE) Uimh. 987/2009**

1. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh ar an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar mhonaróirí táirgí pinsin atá ag oibriú scéimeanna slándála sóisialta a chumhdaítear faoi Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004 agus (CE) Uimh. 987/2009. Ina leithéid de chásanna, áireoidh monaróirí táirgí pinsin dá dtagraítear i bpointe (1)(d) d'Airteagal 2 den Rialachán seo monaróirí táirgí pinsin a oibríonn scéimeanna náisiúnta slándála sóisialaí agus táirgí pinsin dá dtagraítear i bpointe (8) d'Airteagal 2 den Rialachán seo. Sa chás sin, maidir leis an sainmhíniú ar tháirgí pinsin i bpointe (8) d'Airteagal 2 den Rialachán seo, measfar go mbeidh tárgaí pinsin san áireamh dá dtagraítear sa chéad abairt.

2. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún agus na ÚMEnna ar an eolas faoin aon chinntí a dhéanfar de bhun mhír 1.

*Airteagal 17*

**Díolúintí**

1. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo i gcás idirghabhálaithe árachais a chuireann comhairle árachais ar fáil maidir le IBIPanna ná i gcás gnólachtaí infheistíochta a chuireann comhairle infheistíochta ar fáil agus ar fiontair iad, beag beann ar a bhfoirm dhlíthiúil, lena n-áirítear daoine nádúrtha agus daoine féinfhostaithe ar choinníoll go bhfostaíonn siad níos lú ná triúr.

2. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar idirghabhálaithe árachais a chuireann comhairle árachais ar fáil maidir le IBIPanna nó ar ghnólachtaí infheistíochta a chuireann comhairle infheistíochta dá dtagraítear i mír 1 ar fáil.

3. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún agus na ÚMEnna ar an eolas faoin aon chinntí a dhéantar de bhun mhír 2.

*Airteagal 18*

**Tuarascáil**

Déanfaidh na ÚMEnna breithniú ar mhéid na nochtaí deonacha i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 4(1) agus pointe (a) d'Airteagal 7(1). Faoin 10 Meán Fómhair 2022 agus gach bliain ina dhiadh sin, cuirfidh na ÚMEnna tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an Choimisiúin maidir le dea-chleachtais agus déanfaidh siad moltaí maidir le caighdeáin dheonacha tuairiscithe. Sa tuarascáil bhliantúil sin, déanfar impleachtaí na gcleachtas díchill chuí ar nochtaí a mheas faoin Rialachán seo agus tabharfaidh sí treoir maidir leis an ábhar seo. Déanfar an tuarascáil sin a chur ar fáil go poiblí agus é a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

*Airteagal 19*

**Meastóireacht**

1. Faoin 30 Nollaig 2022, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus déanfaidh sé an méid a leanas a mheas go háirithe:

(a) ar cheart an tagairt do mheánlíon fostaithe in Airteagal 4(3) agus (4) a choinneáil, a ionadú nó a bheith in éineacht le critéir eile, agus déanfaidh sé leas agus comhréireacht an ualaigh riaracháin bhaintigh a mheas;

(b) an gcuirtear isteach ar fheidhmiú an Rialacháin seo de thoradh easpa sonraí nó a gcáilíocht a bheith fo-optamach, lena n-áirítear táscairí maidir le drochthionchair ó thaobh tosca inbhuanaitheachta de ag cuideachtaí infheistiúcháin.

2. Beidh an measúnú dá dtagraítear i mír 1 in éineacht le togra reachtach, más iomchuí.

*Airteagal 20*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 10 Márta 2021.

3. De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo, Airteagal 4(6) agus (7), Airteagal 8(3), Airteagal 9(5), Airteagal 10(2), Airteagal 11(4) agus Airteagal 13(2) i bhfeidhm ó 29 Nollaig 2019 agus beidh Airteagal 11(1) go (3) i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 27 Samhain 2019.

| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
|---|---|
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |
| D. M. SASSOLI | T. TUPPURAINEN |

# RIALACHÁN (AE) 2019/2089 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE

**an 27 Samhain 2019**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1011 maidir le Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE, Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras agus nochtuithe inbhuanaitheachta le haghaidh tagarmharcanna**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 25 Meán Fómhair 2015, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe creat domhanda nua um fhorbairt inbhuanaithe: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe ("Clár Oibre 2030"), a bhfuil na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) ina chroílár. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 22 Samhain 2016 maidir leis na chéad chéimeanna eile le haghaidh todhchaí inbhuanaithe don Eoraip, déantar na SDGanna a nascadh le creat beartais an Aontais chun a áirithiú, le gach gníomhaíocht agus tionscnamh beartais de chuid an Aontais, laistigh den Aontas agus ar fud an domhain araon, go ndéanfar na SDGanna a chur san áireamh ag an tús. Sna conclúidí uaidh an 20 Meitheamh 2017, dheimhnigh an Chomhairle tiomantas an Aontais agus a mBallstát maidir le Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme ar bhealach iomlán, comhleanúnach, cuimsitheach, comhtháite agus éifeachtach agus i ndlúthchomhar le comhpháirtithe agus le geallsealbhóirí eile.

(2) Féachann Comhaontú Pháras arna ghlacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide ("Comhaontú Pháras"), a d'fhormheas an tAontas an 5 Deireadh Fómhair 2016 ([3]) agus a tháinig i bhfeidhm an 4 Samhain 2016, leis an bhfreagairt ar an athrú aeráide a neartú, *inter alia*, trí shreafaí airgeadais a thabhairt ar aon dul leis an gcur chuige i dtreo astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus forbairt atá seasmhach ó thaobh na haeráide de.

(3) Chun cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach agus laghdú suntasach a dhéanamh ar na rioscaí agus ar an tionchar atá ag an athrú aeráide, tá sé mar sprioc domhanda an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil go mór faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh an méadú ar an teocht a theorannú do 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch.

(4) Ar an 8 Deireadh Fómhair 2018, d'fhoilsigh an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) Tuarascáil Speisialta maidir le Téamh Domhanda 1, °C inar luadh, chun an téamh domhanda a theorannú ag 1,5 °C, go mbeadh gá le hathruithe gasta leitheadacha agus gan fasach i ngach gné den tsochaí agus go bhféadfaí, trí théamh domhanda a theorannú ag 1,5 °C i gcomparáid le 2 °C, é sin a dhéanamh agus sochaí níos inbhuanaithe agus níos cothroime á háirithiú ag an am céanna.

(5) Tá an inbhuanaitheacht agus an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin atá níos inbhuanaithe, níos tíosaí ar acmhainní agus níos ciorclaí ríthábhachtach chun iomaíochas fadtéarmach gheilleagar an Aontais a áirithiú. Is fada atá an inbhuanaitheacht ag croílár thionscadal an Aontais agus, leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), léirítear a gnéithe shóisialta agus comhshaoil. Níl ach méid teoranta ama ann chun an cultúr a athrú ó bhonn san earnáil airgeadais i dtreo na hinbhuanaitheachta chun a áirithiú go bhfanfaidh an mheánteocht dhomhanda go maith faoi bhun 2 °C. Dá bhrí sin, tá sé riachtanach go mbeidh infheistíochtaí nua bonneagair inbhuanaithe san fhadtéarma.

([1]) IO C 62, 15.2.2019, lch. 103.

([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 26 Márta 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 8 Samhain 2019.

([3]) Cinneadh (AE) 2016/1841 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2016 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chomhaontú Pháras, a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (IO L 282, 19.10.2016, lch. 1).

(6) Sa teachtaireacht uaidh an 8 Márta 2018, d'fhoilsigh an Coimisiún a phlean gníomhaíochta maidir le fás inbhuanaithe a mhaoiniú, lenar seoladh straitéis uaillmhianach agus chuimsitheach le haghaidh maoiniú inbhuanaithe. Ar cheann de chuspóirí an phlean gníomhaíochta sin, tá sreafaí caipitil a atreorú i dtreo infheistíocht inbhuanaithe chun fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a bhaint amach. Tá sé ríthábhachtach go leagfaí béim níos mó ar an tionchar a bhíonn ag an athrú aeráide, mar go bhfuil méadú as cuimse tagtha ar na tubaistí a thagann as neamh-intuarthacht dálaí aimsire.

(7) Le Cinneadh Uimh. 1386/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) iarradh méadú ar mhaoiniú ón earnáil phríobháideach do chaiteachas a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid, go háirithe trí dhreasachtaí agus modheolaíochtaí a chruthú lena ndéanfaí cuideachtaí a spreagadh le tomhas a dhéanamh ar chostais chomhshaoil a ngnólachtaí agus ar na brabúis a shaothraíonn siad ó sheirbhisí comhshaoil a úsáid.

(8) Chun na SDGanna san Aontas a bhaint amach is gá sreafaí caipitil a dhíriú i dtreo infheistíochtaí inbhuanaithe. Tá sé tábhachtach leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an mhargaidh inmheánaigh chun na spriocanna sin a bhaint amach. Sa chomhthéacs sin, tá sé ríthábhachtach deireadh a chur leis na constaicí atá roimh ghluaiseacht éifeachtúil chaipitil chuig infheistíochtaí inbhuanaithe sa mhargadh inmheánach agus constaicí nua a chosc.

(9) Le Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) bunaítear rialacha aonfhoirmeacha maidir le tagarmharcanna san Aontas agus freastalaítear ar chineálacha éagsúla tagarmharcanna. Tá méadú ag teacht ar líon na n-infheisteoirí atá ag saothrú straitéisí infheistíochta ísealcharbóin agus atá ag úsáid tagarmharcanna ísealcharbóin le haghaidh feidhmíocht punanna infheistíochta a thomhas. Maidir le Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras a bhunú, a bhfuil modheolaíocht mar bhonn agus mar thaca acu, ar modheolaíocht í atá nasctha le gealltanais a leagtar síos i gComhaontú Pháras i ndáil le hastaíochtaí carbóin, rannchuideodh sé sin le trédhearcacht a mhéadú agus chuideodh sé le cosc a chur leis an snas glas.

(10) Tá réimse leathan innéacsanna á ngrúpáil le chéile faoi láthair mar innéacsanna ísealcharbóin. Baintear úsáid as na hinnéacsanna ísealcharbóin sin le haghaidh punanna infheistíochta a dhíoltar trasna teorainneacha. Déanann cáilíocht agus sláine tagarmharcanna ísealcharbóin difear d'fheidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh i réimse leathan punann infheistíochta aonair agus punann comh-infheistíochta. Maidir le roinnt mhaith innéacsanna ísealcharbóin a úsáidtear le haghaidh feidhmíocht punanna infheistíochta a thomhas, go háirithe le haghaidh cuntais infheistíochta leithscartha agus scéimeanna comhinfheistíochta, déantar iad a sholáthar i mBallstát amháin ach baineann bainisteoirí punainne agus bainisteoirí sócmhainní úsáid astu i mBallstáit eile. Sa bhreis air sin, is minic a dhéanann bainisteoirí punainne agus bainisteoirí sócmhainní a gcuid rioscaí neamhchosanta carbóin a fhálú trí úsáid a bhaint as tagarmharcanna a sholáthraítear i mBallstáit eile.

(11) Tá catagóirí éagsúla d'innéacsanna ísealcharbóin a bhfuil leibhéil éagsúla uaillmhéine ag baint leo tagtha chun cinn sa mhargadh. Cé go bhfuil sé mar aidhm le roinnt tagarmharcanna laghdú a dhéanamh ar an lorg carbóin a fhágann punann chaighdeánach infheistíochta, níl d'aidhm ag roinnt eile acu ach na comhpháirteanna a rannchuidíonn le cuspóir 2 °C a leagtar amach i gComhaontú Pháras a bhaint amach. In ainneoin na ndifríochtaí idir na cuspóirí agus na straitéisí, is minic roinnt mhaith de na tagarmharcanna sin a bheith á gcur chun cinn mar thagarmharcanna ísealcharbóin.

(12) Mar thoradh ar roinnt cineálacha éagsúla cur chuige maidir le modheolaíochtaí tagarmhairc, tá ilroinnt sa mhargadh aonair tarlaithe mar nach bhfuil sé soiléir d'úsáideoirí tagarmharcanna an tagarmharc atá ailínithe le cuspóirí Chomhaontú Pháras é innéacs ísealcharbóin áirithe nó an é nach bhfuil ann ach tagarmharc a bhfuil sé mar aidhm leis an lorg carbóin a fhágann punann chaighdeánach a ísliú. Chun aghaidh a thabhairt ar éilimh ó riarthóirí faoi chineál ísealcharbóin a dtagarmharcanna, ar éilimh iad a d'fhéadfadh a bheith neamhdhlisteanach, is dócha go nglacfaidh na Ballstáit rialacha dá gcuid féin chun infheisteoirí a chosaint ó mhearbhall agus ó dhébhríocht maidir leis na haidhmeanna agus an leibhéal uaillmhéine atá mar bhonn leis na catagóirí éagsúla d'innéacsanna ísealcharbóin, mar a thugtar orthu, le haghaidh punanna infheistíochta ísealcharbóin.

(13) In éagmais creat comhchuibhithe chun cruinneas agus sláine na bpríomhchatagóirí de thagarmharcanna ísealcharbóin a úsáidtear i bpunanna infheistíochta aonair nó i bpunanna comhinfheistíochta a áirithiú, is dócha go gcuirfidh na difríochtaí i gcineálacha cur chuige na mBallstát constaicí roimh fheidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh.

([4]) Cinneadh Uimh. 1386/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta don Chomhshaol de chuid an Aontais go dtí 2020 dar teideal "Muid ag maireachtáil go maith, faoi shrianta ár bpláinéid" (IO L 354, 28.12.2013, lch. 171).

([5]) Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (IO L 171, 29.6.2016, lch. 1).

(14) Chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a choinneáil ar mhaithe le hinfheisteoirí, chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú tuilleadh, agus chun leibhéal ard cosanta do thomhaltóirí agus d'infheisteoirí a áirithiú, is iomchuí Rialachán (AE) 2016/1011 a leasú trí chreat rialála a thabhairt isteach ar leibhéal an Aontais lena leagtar síos íoscheanglais do Thagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus do Thagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras. Maidir leis sin, tá sé thar a bheith tábhachtach nach ndéanfadh na tagarmharcanna sin díobháil shuntasach do chuspóirí eile comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG).

(15) Dá dtabharfaí isteach idirdhealú soiléir idir Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras agus dá bhforbrófaí íoschaighdeáin do na tagarmharcanna sin, rannchuideofaí le comhsheasmhacht i measc na dtagarmharcanna sin. Ba cheart Tagarmharc AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras a bheith i gcomhréir le cuspóirí Chomhaontú Pháras ar leibhéal innéacs.

(16) Chun a áirithiú go mbeidh na lipéid "Tagarmharc Aistrithe Aeráide AE" agus "Tagarmharc AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras" ina lipéid iontaofa agus go mbeidh sé éasca d'infheisteoirí ar fud an Aontais iad a shainaithint, níor cheart go mbeadh ach na riarthóirí a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo incháilithe chun úsáid a bhaint as na lipéid sin agus margaíocht á déanamh acu ar Thagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus ar Thagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras san Aontas.

(17) Chun cuideachtaí a spreagadh le spriocanna inchreidte do laghdú astaíochtaí carbóin a nochtadh, ba cheart don riarthóir ar Thagarmharc Aistrithe Aeráide AE, agus é ag roghnú nó ag ualú na sócmhainní foluiteacha, cuideachtaí a chur san áireamh a bhfuil sé mar chuspóir acu a gcuid astaíochtaí carbóin a laghdú i dtreo ailíniú le cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach. Ba cheart go mbeadh spriocanna den sórt sin poiblí agus inchreidte, sa mhéid gur cheart go mbeadh fíorghealltanas i leith an dícharbónaithe ag baint leo agus ba cheart go mbeadh siad mionsonraithe go leordhóthanach agus inmharthanach go teicniúil.

(18) Ní i gcónaí a bhíonn an fhaisnéis is gá ag úsáideoirí na dtagarmharcanna maidir lena mhéid a chuirtear tosca ESG san áireamh i modheolaíocht na riarthóirí tagarmharcanna. Is minic a bhíonn an fhaisnéis den sórt sin scaipthe, nó is minic nach ann di, agus nach féidir í a úsáid chun comparáid éifeachtach a dhéanamh trasna teorainneacha chun críocha infheistíochta. Chun go mbeidh rannpháirtithe sa mhargadh in ann cinntí feasacha a dhéanamh, ba cheart go mbeadh sé de cheangal ar gach riarthóir tagarmharcanna, ach amháin riarthóirí tagarmharcanna rátaí úis agus malairte eachtraí, a nochtadh ina ráiteas tagarmhairc cibé acu an saothraíonn nó nach saothraíonn a dtagarmharcanna nó a bhfinte tagarmharcanna cuspóirí ESG, agus cibé acu an ndéanann nó nach ndéanann an riarthóir tagarmharcanna na tagarmharcanna sin a thairiscint.

(19) Chun infheisteoirí a chur ar an eolas faoina mhéid atá tagarmharcanna suntasacha cothromais agus bannaí, mar aon le Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras ag rannchuidiú le cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach, ba cheart do riarthóirí tagarmharcanna faisnéis mhionsonrach a fhoilsiú á rá an ndéantar nó nach ndéantar agus a mhéid a dhéantar ailíniú foriomlán leis an sprioc maidir le hastaíochtaí carbóin a laghdú a áirithiú, agus maidir lena a mhéid a dhéantar baint amach cuspóirí Chomhaontú Pháras a áirithiú.

(20) Ba cheart do riarthóirí Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus do riarthóirí Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras an mhodheolaíocht a d'úsáid siad chun na tagarmharcanna sin a ríomh a fhoilsiú freisin. Ba cheart tuairisc a bheith san fhaisnéis sin faoin gcaoi a ndearnadh na sócmhainní foluiteacha a roghnú agus a ualú, cé na sócmhainní a eisiadh agus an fáth a ndearnadh amhlaidh. D'fhonn measúnú a dhéanamh ar conas a rannchuidíonn an tagarmharc leis na cuspóirí comhshaoil a bhaint amach, ba cheart don riarthóir tagarmharcanna an chaoi a ndearnadh astaíochtaí carbóin na sócmhainní foluiteacha a thomhas, a luachanna faoi seach, lena n-áirítear lorg carbóin iomlán an tagarmhairc, agus cineál agus foinse na sonraí ar baineadh úsáid astu a nochtadh. Chun go mbeidh bainisteoirí sócmhainní in ann an tagarmharc is iomchuí dá straitéis infheistíochta a roghnú, ba cheart go gceanglófaí ar riarthóirí tagarmharcanna rátaí úis agus malairte eachtraí míniú a thabhairt ar an réasúnaíocht atá laistiar de pharaiméadair a modheolaíochta agus ar conas a rannchuidíonn an tagarmharc leis na cuspóirí comhshaoil a bhaint amach. Ba cheart go mbeadh sonraí maidir le minicíocht na n-athbhreithnithe a rinneadh agus maidir leis an nós imeachta a leanadh, san fhaisnéis a fhoilseofar.

(21) Maidir leis na modheolaíochtaí a úsáidtear le haghaidh Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras, ba cheart iad a bheith bunaithe ar chonairí dícharbónaithe atá bunaithe ar an eolaíocht, nó ar ailíniú foriomlán le cuspóirí Chomhaontú Pháras.

(22) Chun a áirithiú go leanfar de bheith ag cloí leis an gcuspóir a roghnaíodh maidir le maolú ar an athrú aeráide, ba cheart do riarthóirí Thagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus Thagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid modheolaíochtaí go rialta agus ba cheart dóibh na húsáideoirí a chur ar an eolas maidir leis na nósanna is infheidhme i gcás aon athrú ábharach ar na modheolaíochtaí sin a bheith á thabhairt isteach. Agus athrú ábharach á thabhairt isteach acu, ba cheart do riarthóirí tagarmharcanna na cúiseanna atá leis an athrú sin a nochtadh agus ba cheart dóibh míniú a thabhairt faoin gcaoi a bhfuil an t-athrú sin i gcomhréir le cuspóirí tosaigh na dtagarmharcanna.

(23) Maidir le tagarmharcanna nach bhfuil sócmhainní foluiteacha ag gabháil leo, ar tagarmharcanna iad a bhfuil tionchar acu ar an athrú aeráide, mar a bheadh i gceist, mar shampla, do thagarmharcanna rátaí úis agus malairte eachtraí, ba cheart iad a bheith díolmhaithe ón gceanglas nochtadh a dhéanamh ina ráiteas tagarmhairc cibé acu an bhfuiltear nó nach bhfuiltear agus a mhéid a bhfuiltear ag áirithiú ailíniú ar bhonn foriomlán lena sprioc maidir le hastaíochtaí carbóin a laghdú, nó ag áirithiú ghnóthú cuspóirí Chomhaontú Pháras agus a mhéid atáthar á áirithiú sin. Ina theannta sin, ba cheart gur leor é i gcás an tagarmhairc nó, i gcás inarb iomchuí, i gcás na bhfinte tagarmharcanna nach bhfuil sé i gceist leo cuspóirí astaíochtaí carbóin a shaothrú, a lua go soiléir sa ráiteas tagarmhairc nach bhfuil sé i gceist leo cuspóirí den sórt sin a shaothrú.

(24) Chun trédhearcacht a fheabhsú agus chun a áirithiú gurb ann do leibhéal leordhóthanach comhchuibhithe, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le Airteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun sonrú a thabhairt ar inneachar íosta na n-oibleagáidí maidir le nochtadh ar cheart go mbeadh riarthóirí Thagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus riarthóirí Thagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras faoina réir, agus chun sonrú a thabhairt ar na híoschaighdeáin maidir le comhchuibhiú a dhéanamh ar an modheolaíocht le haghaidh Thagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus Thagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras, lena n-áirítear an modh chun na hastaíochtaí carbóin a bhaineann leis na sócmhainní foluiteacha a ríomh, agus aird á tabhairt ar mhodhanna maidir le lorg Comhshaoil Táirge agus Eagraíochta mar a shainmhínítear i bpointí (a) agus (b) de phointe 2 de Mholadh 2013/179/AE ón gCoimisiún ([6]) agus ar obair an tSainghrúpa Theicniúil um an Airgeadas Inbhuanaithe (TEG). Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí, oscailte agus phoiblí le linn a chuid oibre ullmhúcháin ar gach ceann de na gníomhartha tarmligthe sin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([7]). Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe, agus tugtar miontuairiscí chruinnithe uile TEG dóibh.

(25) Le Rialachán (AE) 2016/1011, tugadh idirthréimhse isteach ar lena linn a bhfuil soláthraithe innéacsanna a sholáthraíonn tagarmharcanna ar an 30 Meitheamh 2016 le hiarratas ar údarú a dhéanamh faoin 1 Eanáir 2020. Má dhéantar tagarmharcanna criticiúla a scor, d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar shláine an mhargaidh, ar chobhsaíocht airgeadais, ar thomhaltóirí, ar an bhfíorgheilleagar, agus ar mhaoiniú teaghlach agus gnóthas sna Ballstáit. D'fhéadfadh sé freisin, dá ndéanfadh riarthóir tagarmharc criticiúil a scor, go ndéanfaí difear do bhailíocht conarthaí airgeadais nó ionstraimí airgeadais, agus d'fhéadfadh sé sin cur isteach ar infheisteoirí agus tomhaltóirí araon, agus d'fhéadfadh iarmhairtí tromchúiseacha teacht as don chobhsaíocht airgeadais. Sa bhreis air sin, mura mbeadh fáil a thuilleadh ar shonraí ionchuir chuig tagarmharcanna criticiúla, d'fhéadfadh sé sin an bonn a bhaint de chineál ionadaíoch na dtagarmharcanna sin agus d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar chumas na dtagarmharcanna sin an bunmhargadh atá aige nó an fíorchás eacnamaíoch a léiriú. Dá bhrí sin, ba cheart an tréimhse uasta do riarachán sainordaitheach na dtagarmharcanna criticiúla agus an tréimhse uasta le haghaidh rannchuidithe sainordaitheacha le tagarmharcanna den sórt sin a shíneadh chuig 5 bliana. Tá athchóiriú á dhéanamh ar thagarmharcanna criticiúla faoi láthair. Chun aistriú ó thagarmharc criticiúil atá ann cheana chuig ráta iomchuí comharba, teastaíonn idirthréimhse chun gur féidir gach socrú dlíthiúil agus teicniúil is gá chun an t-aistriú sin a dhéanamh a chur i gcrích gan bhac. Le linn na hidirthréimhse sin, ba cheart an tagarmharc criticiúil atá ann cheana a fhoilsiú i dteannta a ráta comharba. Is gá, mar sin, síneadh a chur leis an tréimhse ar lena linn a fhéadfar tagarmharc criticiúil atá ann cheana a fhoilsiú agus a úsáid, gan a bheith ar a riarthóir bheith tar éis iarratas a dhéanamh ar údarú.

(26) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2016/1011 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/1011**

Leasaítear Rialachán (AE) 2016/1011 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3(1), cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

"(23a) ciallaíonn 'Tagarmharc Aistrithe Aeráide AE' tagarmharc atá lipéadaithe mar Thagarmharc Aistrithe Aeráide AE agus a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas:

([6]) Moladh 2013/179/AE ón gCoimisiún an 9 Aibreán 2013 maidir le modhanna comhchoiteanna a úsáid chun feidhmíocht chomhshaoil saolré táirgí agus eagraíochtaí a chur in iúl agus a thomhas (IO L 124, 4.5.2013, lch. 1).

([7]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(a) chun críocha phointe 1(b)(ii) den mhír seo agus Airteagal 19b, déantar a sócmhainní foluiteacha a roghnú, a ualú nó a eisiamh sa chaoi go bhfuil an phunann tagarmhairc a eascraíonn uaidh ar chonair dhícharbónaithe; agus

(b) déantar é i gcomhréir leis na caighdeáin íosta a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 19a(2);

(23b) ciallaíonn 'Tagarmharc AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras' tagarmharc atá lipéadaithe mar Thagarmharc AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras agus a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas:

(a) chun críocha phointe 1(b)(ii) den mhír seo agus an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 19c, déantar a sócmhainní foluiteacha a roghnú, a ualú nó a eisiamh sa chaoi go bhfuil astaíochtaí carbóin na punainne tagarmhairc a eascraíonn uaidh ailínithe le cuspóirí Chomhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide, a d'fhormheas an tAontas an 5 Deireadh Fómhair 2016 (*) ('Comhaontú Pháras');

(b) déantar é i gcomhréir leis na caighdeáin íosta a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 19a(2); agus

(c) ní dhéanann na gníomhaíochtaí a bhaineann lena bhunsócmhainní dochar mór do chuspóirí eile comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG);

(23c) ciallaíonn 'conair dhícharbónaithe' conair intomhaiste, atá bunaithe ar an eolaíocht agus atá srianta ó thaobh ama de i dtreo an ailínithe le cuspóirí Chomhaontú Pháras trí astaíochtaí carbóin Raon Feidhme 1, 2 agus 3 dá dtagraítear i bpointe (1)(e) d'Iarscríbhinn III a laghdú.

---

(*) Cinneadh (AE) 2016/1841 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2016 maidir le tabhairt i gcrích Chomhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, thar ceann an Aontais Eorpaigh (IO L 282, 19.10.2016, lch. 1).";

(2) leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an pointe seo a leanas léi:

"(d) míniú ar an gcaoi a léiríonn príomheilimintí na modheolaíochta a leagtar síos i bpointe (a) tosca ESG le haghaidh gach tagarmhairc nó fine tagarmharcanna, ach amháin tagarmharcanna rátaí úis agus malairte eachtraí.";

(ii) cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

"Comhlíonfaidh riarthóirí tagarmharcanna an ceanglas a leagtar síos i bpointe (d) den chéad fhomhír faoin 30 Aibreán 2020.".

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"2a. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 49 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí inneachar íosta an mhínithe dá dtagraítear i bpointe (d) den chéad fhomhír de mhír 1 den Airteagal seo a leagan síos, chomh maith leis an bhformáid chaighdeánach atá le húsáid.";

(3) i dTeideal III, cuirtear isteach an Chaibidil seo a leanas:

"*CAIBIDIL 3a*

***Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras***

*Airteagal 19a*

**Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras**

1. Beidh feidhm ag na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn III maidir le Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras a sholáthar, agus maidir le rannchuidiú leo, sa bhreis ar na ceanglais i dTeidil II, III agus IV.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 49 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin íosta le haghaidh Thagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras a leagan síos chun an méid seo a leanas a shonrú:

(a) na critéir maidir leis na sócmhainní foluiteacha a roghnú, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, aon chritéar maidir le sócmhainní a eisiamh;

(b) na critéir agus an modh chun na sócmhainní foluiteacha sa tagarmharc a ualú;

(c) an conair dhícharbónaithe le haghaidh Thagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE a chinneadh.

3. Déanfaidh riarthóirí tagarmhairc a sholáthraíonn Tagarmharc Aistrithe Aeráide AE nó Tagarmharc AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras, an Rialachán seo a chomhlíonadh faoin 30 Aibreán 2020.

*Airteagal 19b*

**Ceanglais maidir le Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE**

Déanfaidh riarthóirí Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE sócmhainní foluiteacha arna n-eisiúint ag cuideachtaí a leanann conair dícharbónaithe a roghnú, a ualú, nó a eisiamh faoin 31 Nollaig 2022, i gcomhréir leis na ceanglais seo a leanas:

(i) nochtann na cuideachtaí laghdú intomhaiste ar spriocanna astaíochtaí carbóin atá le baint amach laistigh de fhrámaí ama sonracha;

(ii) nochtann na cuideachtaí laghdú ar astaíochtaí carbóin atá imdhealaithe síos go dtí leibhéal na bhfochuideachtaí oibriúcháin ábhartha;

(iii) nochtann na cuideachtaí faisnéis bhliantúil maidir leis an dul chun cinn atá déanta i dtreo na spriocanna sin;

(iv) ní dhéanann na gníomhaíochtaí maidir leis na sócmhainní foluiteacha dochar suntasach do chuspóirí eile ESG.

*Airteagal 19c*

**Eisiaimh maidir le Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras**

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 49 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na hearnálacha a shainaithint, i leith Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras, atá le heisiamh toisc nach bhfuil spriocanna intomhaiste acu maidir le hastaíochtaí carbóin a laghdú le spriocdhátaí sonracha atá ailínithe le cuspóirí Chomhaontú Pháras. Déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe sin a ghlacadh faoin 1 Eanáir 2021 agus é a nuashonrú gach trí bliana.

2. Agus an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 1 á dhréachtú aige, cuirfidh an Coimisiún san áireamh obair an TEG.

*Airteagal 19d*

**An iarracht Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE a sholáthar**

Faoin 1 Eanáir 2022, riarthóirí atá lonnaithe san Aontas agus a sholáthraíonn tagarmharcanna suntasacha arna gcinneadh ar bhonn luach ceann amháin nó níos mó de shócmhainní nó de phraghsanna forluiteacha, déanfaidh siad iarracht ceann amháin nó níos mó de Thagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE a sholáthar.";

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír d'Airteagal 21(3):

"Faoi dheireadh na tréimhse sin, déanfaidh an t-údarás inniúil athbhreithniú ar a chinneadh iallach a chur ar an riarthóir leanúint d'fhoilsiú an tagarmhairc. Féadfaidh an t-údarás inniúil, i gcás inar gá, an tréimhse ama sin a fhadú ar feadh tréimhse ama iomchuí nach faide ná 12 mhí bhreise. Ní faide ná 5 bliana san iomlán uastréimhse an riaracháin éigeantaigh.";

(5) Leasaítear Airteagal 23 mar a leanas:

(a) i mír (6), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Ní faide ná 5 bliana uastréimhse an rannchuidithe éigeantaigh faoi phointe (a) agus faoi phointe (b) den chéad fhomhír.";

(b) i mír (10), cuirtear an méid seo a leanas ina hionad:

"10. I gcás ina bhfuiltear chun scor de thagarmharc criticiúil a sholáthar, leanfaidh gach ranníocóir maoirsithe leis an tagarmharc sin de shonraí a ionchur ar feadh tréimhse ama a chinnfidh an t-údarás inniúil, ach nach faide í ná na uastréimhse 5 bliana a leagtar síos sa dara fomhír de mhír 6.";

(6) in Airteagal 27, cuirtear isteach sna míreanna seo a leanas:

"2a. Faoin 30 Aibreán 2020, le haghaidh gach ceanglais dá dtagraítear i mír 2, áireofar sa ráiteas tagarmhairc míniú ar conas a dhéantar tosca ESG a léiriú i ngach tagarmharc nó fine tagarmharcanna a dhéantar a sholáthar agus

a fhoilsiú. Maidir leis na tagarmharcanna nó na finte de thagarmharcanna sin, ar tagarmharcanna nó finte de thagarmharcanna iad nach bhfuil ag saothrú cuspóirí ESG, is leor go ndéanfadh riarthóirí tagarmharcanna a lua go soiléir sa ráiteas tagarmhairc nach bhfuil siad ag saothrú na gcuspóirí sin.

I gcás nach bhfuil aon Tagarmharc Aistrithe Aeráide AE nó Tagarmharc AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras ar fáil i bpunann an riarthóra tagarmhairc aonair sin, nó i gcás nach bhfuil aon tagarmharcanna ag an riarthóir tagarmharcanna aonair a shaothraíonn cuspóirí ESG nó a chuireann tosca ESG san áireamh, déanfar é sin a lua sna ráitis tagarmhairc de gach tagarmharc a sholáthraíonn an riarthóir sin. Maidir le tagarmharcanna suntasacha cothromais agus bannaí, chomh maith le Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras, déanfaidh na riarthóirí tagarmharcanna a nochtadh ina ráitis tagarmhairc mionsonraí an bhfuil nó nach bhfuil leibhéal foriomlán ailínithe leis an sprioc maidir le hastaíochtaí carbóin a laghdú á bhaint amach agus a mhéid atáthar ag áirithiú go bhfuil cuspóirí Chomhaontú Pháras á mbaint amach, agus déanfar an méid sin uile i gcomhréir leis na rialacha maidir le nochtadh do tháirgí airgeadais in Airteagal 9(3) de Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).

Faoin 31 Nollaig 2021, áireoidh na riarthoirí tagarmhairc i ráiteas tagarmhairc gach tagarmhairc nó i gcás inarb iomchuí, gach fine tagarmharcanna, ach amháin tagarmharcanna rátaí úis agus malairte eachtraí, míniú ar conas atá an mhodheolaíocht a úsáideann siad ailínithe leis an sprioc maidir le hastaíochtaí carbóin a laghdú nó cuspóirí Chomhaontú Pháras a ghnóthú.

2b. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 49 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh tríd an bhfaisnéis dá dtagraítear sa ráiteas tagarmhairc de bhun mhír 2a den Airteagal seo a shonrú tuilleadh, chomh maith leis an bhformáid chaighdeánach atá le húsáid do thagairtí do thosca ESG, chun rannpháirtithe sa mhargadh a chumasú chun go mbeidh siad in ann roghanna feasacha a dhéanamh agus chun indéantacht theicniúil chomhlíonadh na míre sin a áirithiú.

(*) Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtuithe i dtaca le hinbhuanaitheacht i réimse na seirbhísí airgeadais... (IO L 317, 9.12.2019, lch.1).";

(7) in Airteagal 42(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"1. Gan dochar do chumhachtaí maoirseachta na n-údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 41, agus ceart na mBallstát foráil a dhéanamh do phionóis coiriúla agus iad a fhorchur, déanfaidh na Ballstáit, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, a fhoráil go mbeidh an chumhacht ag na húdaráis inniúla chun pionóis riaracháin iomchuí agus bearta riaracháin eile a fhorchur i ndáil leis na sáruithe seo a leanas ar a laghad:

(a) aon sárú ar Airteagal 4, 5, 6, 7, 8, 9, 10, 11, 12, 13, 14, 15, 16, 19a,19b, 19c, 21, 23, 24, 25, 26, 27, 28, 29 nó 34 i gcás ina bhfuil feidhm acu; agus

(b) aon mhainneachtain comhoibriú le himscrúdú nó le cigireacht nó iarraidh a chumhdaítear le hAirteagal 41 nó imscrúdú, cigireacht nó iarraidh a chumhdaítear le hAirteagal 41 a chomhlíonadh.";

(8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 49:

*"Airteagal 49*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 3(2), 13(2a), 19a (2), 19c(1), 20(6), 24(2), 27(2b), 33(7), 51(6) agus 54(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón 10 Nollaig 2019. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 11 Márta 2024, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 3(2), 13 (2a), 19a(2), 19c(1), 20(6), 24(2), 27(2b), 33(7), 51(6) agus 54(3) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 3(2), 13(2a), 19a(2), 19c(1), 20(6), 24(2), 27(2b), 33(7), 51(6) nó 54(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 3 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh 3 mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.";

(9) leasaítear Airteagal 51 mar a leanas:

(a) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

"4a. Féadfaidh soláthraí innéacsanna leanúint de bheith ag soláthar tagarmharc atá ann cheana agus atá aitheanta mar thagarmharc criticiúil le gníomh cur chun feidhme arna ghlacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 20 go dtí 31 Nollaig 2021 nó, i gcás ina gcuireann an soláthraí innéacsanna iarratas ar údarú isteach i gcomhréir le mír 1, mura rud go ndiúltaítear, agus go dtí go ndiúltaítear, an t-údarú sin.

4b. I gcás ina bhfuil tagarmharc atá ann cheana aitheanta mar thagarmharc criticiúil le gníomh cur chun feidhme arna ghlacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 20, féadfar é a úsáid in ionstraimí airgeadais agus conarthaí airgeadais atá ann cheana agus in ionstraimí airgeadais agus conarthaí airgeadais, nó chun feidhmíocht ciste infheistíochta a thomhas go dtí 31 Nollaig 2021 nó, i gcás ina gcuireann an soláthraí innéacsanna iarratas ar údarú isteach i gcomhréir le mír 1, mura rud go ndiúltaítear, agus go dtí go ndiúltaítear, an t-údarú sin.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

5. Mura rud é go mbeidh cinneadh coibhéise amhail dá dtagraítear in Airteagal 30(2) nó (3) glactha ag an gCoimisiún nó mura rud é go mbeidh aitheantas tugtha do riarthóir de bhun Airteagal 32, nó mura rud é go mbeidh tagarmharc formhuinithe de bhun Airteagal 33, ní cheadófar d'eintitis faoi mhaoirseacht úsáid a bhaint san Aontas as tagarmharc arna sholáthar ag riarthóir atá lonnaithe i dtríú tír, i gcás ina bhfuil an tagarmharc in úsáid cheana san Aontas mar thagairt le haghaidh ionstraimí airgeadais, conarthaí airgeadais, nó chun feidhmíocht ciste infheistíochta a thomhas, ach amháin le haghaidh ionstraimí airgeadais den sórt sin, conarthaí airgeadais den sórt sin agus tomhais den sórt sin ar fheidhmíocht ciste infheistíochta a dhéanann tagairt cheana féin don tagarmharc san Aontas, nó a chuireann tagairt le tagarmharc den sórt sin roimh an 31 Nollaig 2021.";

(10) in Airteagal 54, cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

"4. Faoin 31 Nollaig 2022, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na híoschaighdeáin i leith Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras chun a áirithiú go bhfuil roghnú na sócmhainní foluiteacha comhsheasmhach le hinfheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de mar a shainítear i gcreat uile-Aontais.

5. Roimh an 31 Nollaig 2022, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle maidir le tionchar an Rialacháin seo agus indéantacht na 'dtagarmharcanna ESG', á chur san áireamh go bhfuil táscairí inbhuanaitheachta ag síorathrú agus ag cur san áireamh na modhanna a úsáidtear chun iad a thomhas. Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin, i gcás inarb iomchuí.

6. Faoin 1 Aibreán 2020, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle maidir le tionchar an Rialacháin seo ar thagarmharcanna tríú tír san Aontas, lena n-áirítear riarthóirí tagarmhairc tríú tír a bheith ag dul ar iontaoibh formhuinithe, aitheantais nó coibhéise, agus na heasnaimh a d'fhéadfadh a bheith sa chreat atá ann faoi láthair. Déanfar anailís sa tuarascáil sin freisin ar an hiarmhairtí atá ann le haghaidh riarthóirí tagarmharcanna Aontais agus tríú tír de bharr chur i bhfeidhm mhíreanna 4a, 4b agus 4c d'Airteagal 51, lena n-áirítear ó thaobh cothrom iomaíochta de. Déanfar measúnú sa tuarascáil sin go háirithe an gá an Rialachán seo a leasú agus beidh togra reachtach ag gabháil leis, más iomchuí.";

(11) leasaítear na hIarscríbhinní i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh sé ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, 27 Samhain 2019.

| Thar ceann Pharlaimint na hEorpa | Thar ceann na Comhairle |
| --- | --- |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |
| D. M. SASSOLI | T. TUPPURAINEN |

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear an Iarscríbhinn seo a leanas isteach:

*"IARSCRÍBHINN III*

**Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras**

An mhodheolaíocht le haghaidh Thagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE

(1) Déanfaidh riarthóir ar Thagarmharc Aistrithe Aeráide AE aon mhodheolaíocht a úsáidtear chun an tagarmharc a ríomh a chur ar bhonn foirmiúil, a dhoiciméadú agus a chur ar fáil don phobal, agus an fhaisnéis seo a leanas á tabhairt, agus é á áirithiú aige san am céanna go gcoinneofar fios gnó neamhnochta agus faisnéis ghnó (rúin cheirde) neamhnochta mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*): faoi rún agus go gcosnófar iad:

(a) liosta de phríomh-chomhchodanna an tagarmhairc;

(b) gach critéar agus modh, lena n-áirítear tosca roghnúcháin agus ualaithe, méadracht agus athróga a úsáidtear i modheolaíocht an tagarmhairc;

(c) na critéir a chuirtear i bhfeidhm chun go n-eisiafar sócmhainní nó cuideachtaí a mbaineann leibhéal loirg carbóin nó leibhéal cúltaiscí breosla iontaise leo nach bhfuil oiriúnach le cur san áireamh sa tagarmharc;

(d) na critéir chun an chonair dhícharbónaithe a chinneadh;

(e) cineál agus foinse na sonraí a úsáidtear chun an chonair dhícharbónaithe a chinneadh do:

(i) Astaíochtaí carbóin Raon Feidhme 1, eadhon astaíochtaí arna nginiúint ó fhoinsí atá á rialú ag an gcuideachta a eisíonn sócmhainní foluiteacha;

(ii) Astaíochtaí carbóin Raon Feidhme 2, eadhon astaíochtaí ó thomhaltas leictreachais nó gaile atá ceannaithe, nó ó fhoinsí eile fuinnimh a ghintear go réamhtheachtach ón gcuideachta a eisíonn sócmhainní foluiteacha;

(iii) Astaíochtaí carbóin Raon Feidhme 3, eadhon na hastaíochtaí indíreacha go léir nach gcumhdaítear le pointí (i) agus (ii) a tharlaíonn i slabhra luacha na cuideachta a thuairiscíonn, lena n-áirítear astaíochtaí réamhtheachtacha agus iartheachtacha araon, go háirithe le haghaidh earnálacha a bhfuil mórthionchar acu ar an athrú aeráide agus ar a mhaolú;

(iv) an úsáidtear nó nach n-úsáidtear sna sonraí na modhanna maidir le Lorg Comhshaoil Táirge agus Eagraíochta mar a shainmhínítear iad i bpointí (a) agus (b) de phointe 2 de Mholadh 2013/179/AE ón gCoimisiún nó caighdeáin dhomhanda amhail an Tascfhórsa maidir le Nochtadh Airgeadais a bhaineann le Cúrsaí Aeráide, ar Tascfhórsa é de chuid an Bhoird Cobhsaíochta Airgeadais;

(f) iomlán na n-astaíochtaí carbóin sa phunann innéacs;

I gcás ina n-úsáidtear máthairinnéacs chun Tagarmharc Aistrithe Aeráide de chuid AE a chruthú, déanfar an earráid rianúcháin idir an Tagarmharc Aistrithe Aeráide de chuid AE agus an máthairinnéacs a nochtadh.

I gcás ina n-úsáidtear an máthairinnéacs chun Tagarmharc Aistrithe Aeráide de chuid AE a chruthú, déanfar an cóimheas idir margadhluach na n-urrús atá sa Tagarmharc Aistrithe Aeráide de chuid AE agus margadhluach na n-urrús atá sa mháthairinnéacs a nochtadh.

An mhodheolaíocht le haghaidh Thagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras

(2) Sa bhreis ar phointí (1)(a), (1)(b), agus (1)(c), sonróidh riarthóir ar Thagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras, an fhoirmle nó an ríomh a úsáidtear chun a chinneadh cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na hastaíochtaí i gcomhréir le spriocanna Chomhaontú Pháras, agus é áirthiú aige ag an am céanna go gcoinneofar fios gnó neamhnochta agus faisnéis ghnó (rúin ghnó) neamhnochta mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2016/943 faoi rún agus go gcosnófar iad.

Athruithe ar an modheolaíocht

(3) Glacfaidh riarthóirí Thagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus Thagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras nósanna imeachta chun athruithe ar a modheolaíocht a thabhairt isteach. Déanfaidh siad na nósanna imeachta sin a phoibliú, agus poibleoidh siad aon athruithe beartaithe ar a modheolaíocht agus ar an réasúnaíocht a bhaineann leis na hathruithe sin. Beidh na nósanna imeachta sin i gcomhréir leis an gcuspóir sáraitheach, go mbeidh na ríomhanna tagarmhairc comhsheasmhach le pointí (23a) agus (23b) d'Airteagal3(1). Forálfar sna nósanna imeachta sin don mhéid seo a leanas:

(a) fógra roimh ré i gcreat ama soiléir trína dtugtar deis leordhóthanach d'úsáideoirí tagarmharcanna anailís agus trácht a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag na hathruithe sin atá beartaithe, ag féachaint do ríomh na riarthóirí ar na himthosca foriomlána;

(b) go bhféadfadh úsáideoirí tagarmharcanna nótaí tráchta a dhéanamh ar na hathruithe sin agus go ndéanfaidh na riarthóirí na nótaí tráchta sin a fhreagairt, agus go mbeadh na nótaí tráchta sin inrochtana tar éis aon tréimhse comhairliúcháin ar leith, ach amháin i gcás ina bhfuil an tráchtaire tar éis a iarraidh go gcoimeádfaí faoi rún iad.

(4) Déanfaidh riarthóirí Thagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus Thagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras a gcuid modheolaíochtaí a scrúdú go rialta, ar bhonn bliantúil ar a laghad, chun a áirithiú gur léiriú iontaofa iad a gcuid tagarmharcanna ar na cuspóirí sonraithe, agus beidh próiseas i bhfeidhm acu chun tuairimí na n-úsáideoirí ábhartha go léir a fháil.".

(*) Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le fios gnó agus faisnéis ghnó neamhnochta (rúin trádála) a chosaint i gcoinne iad a fháil, a úsáid agus a nochtadh go neamhdhleathach (IO L 157, 15.6.2016, lch. 1.).

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

**Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh**
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA